# An Clár
# Clare

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



# Ábhar
## Contents


| | |
|---|---|
| 1 | Nóta Brollaigh leis an gComhairleoir Tom McNamara, Méara Chontae<br>*Foreword by Cllr Tom McNamara, Cathaoirleach* |
| 2 | Nóta Brollaigh le Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach Chontae<br>*Foreword by Pat Dowling, Chief Executive* |
| 3 | An Cultúr agus an Chruthaitheacht i gContae an Chláir<br>*Culture and Creativity in Clare* |
| 4 | Fís Éire Ildánach don Chlár<br>*The Creative Ireland Vision for Clare* |
| 5 | Luachanna Éire Ildánach sa Chlár<br>*The Creative Ireland Values in Clare* |
| | Tosaíochtaí Straitéiseacha don Chlár<br>*Strategic Priorities for Clare* |
| 6 | Cur i bhFeidhm, Measúnú agus Tomhas<br>*Implementation, Evaluation and Measurement* |
| 7 | Aguisíní<br>*Appendices* |


Comhairle Contae an Chláir
Clare County Council

# 1 Nóta Brollaigh leis an gComhairleoir
## Councillor's Foreword

AITHNÍTEAR GO BHFUIL earnáil na n-ealaíon cruthaitheach ina hearnáil bhríomhar sa chontae agus go bhfuil ról tábhachtach ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí chontae an Chláir maidir le forbairt an chláir bhliantúil ealaíon. Reachtáiltear os cionn 150 ócáid, idir fhéilte agus imeachtaí cultúrtha, sa chontae chuile bhliain agus cothaímid an an nasc stairiúil atá ag an gcontae leis an gceol traidisiúnta. Tá ról mór ag turasóireacht chultúir sa chontae, ar ról é atá á fhorbairt i gcónaí agus tá fás suntasach tagtha ar earnáil an chultúir, rud atá fréamhaithe sa nuálaíocht agus sa chruthaitheacht. Tugann Clár Náisiúnta Éire Ildánach tús áite don chruthaitheacht maidir le scileanna cumais na sochaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá amach romhainn. Tá sé mar aidhm aige, chomh maith, folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannphháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Inár gcáil mar Údarás Áitiúil, tá Comhairle Chontae an Chláir ina pháirtí tiomanta maidir leis an tionscnamh náisiúnta seo a chur i gcrích, agus tá sainordú eisiach aici bearta a dhéanamh faoi Cholún 2 den chlár náisiúnta, a bhfuil mar aidhm aige – 'Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal'. Tá cumhachtú na n-údarás áitiúil i ngach contae chun ceannaireacht a thabhairt i leith na saoránaigh a bheith páirteach i ngníomhartha cultúrtha bunaithe go maith trí obair na nOifigeach Ealaíon, na Leabharlannaithe, na nOifigeach Oidhreachta, na gCoimeádaithe Musaeim agus na gCartlannaithe, chomh maith leis na baill foirne atá ag obair sna hearnálacha pobail, tuaithe, fiontraíochta agus turasóireachta. Trí na disciplíní sin a thabhairt le chéile taobh istigh de struchtúr an Údaráis Áitiúil, agus é mar aidhm leis sin Meitheal Chultúir láidir a bhunú a ndíríonn a n-aird ar fhís agus ar luachanna i leith Éire Ildánach, d'fhéadfaí leas a bhaint as acmhainní an údaráis áitiúil ar mhaithe le sprioc chomónta – folláine an uile dhuine a chur chun cinn tríd an gcruthaitheacht.

Táim ag tnúth leis na comhfhiontair agus leis an gcaidreamh a bheidh ann mar thoradh ar an gclár seo sna chúig bliana atá amach romhainn.

**Comhairleoir Tom McNamara**
Comhairle Chontae an Chláir

IT IS ACKNOWLEDGED that the creative arts sector is a vibrant and active sector within the county and that artists and organisations in Clare play a leading role in the development of the annual arts programme. Clare is home to more than 150 festivals and cultural events each year and we nurture the county's lengthy association with Irish traditional music. The role of cultural tourism in the county is strong and developing continuously and we have seen much growth in our enterprise culture which is steeped in innovation and creativity. The Creative Ireland National Programme places creativity to the forefront in terms of our skills set as a society in responding to challenges going forward. It is also designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Clare County Council is a committed partner in the delivery of this national initiative, as our role as a Local Authority has been exclusively mandated to deliver under Pillar 2 of the national progamme which has as its goal –"enabling creativity in every community". The empowerment of local authorities to lead in the engagement of citizens in arts and cultural activities in each county is well established through the work of Arts Officers, Librarians, Heritage Officers, Museum Curators and Archivists as well as staff who work in the community, rural, enterprise and tourism sections. Bringing these disciplines together within the Local Authority structure to create a strong Culture Team with a focus on a vision and a set of values for Creative Ireland has the potential to harness the resources of the local authority on one common goal –promoting the wellbeing of all through creativity.

I look forward to the many collaborations and associations that the programme will bring in the next five years.

**Councillor Tom Mc Namara**
Cathaoirleach, Clare County Council



Inis Cealtra, Loch Deirgirt
*Holy Island, Lough Derg*

# 2 Nóta Brollaigh an Príomhfheidhmeannaigh
## Chief Executive's Foreword

I gcomhar leis an Meitheal Chultúir, tá straitéis chuimsitheach cruthaithe ag Comhairle Chontae an Chláir don tréimhse 2018–2022. Tá tús áite tugtha don chultúr agus don chruthaitheacht trí mheán clár, tionscadal agus gníomhaíochtaí lena chinntiú go ndéanfaidh an contae a dhualgas a chomhlíonadh maidir le deiseanna a chruthú dár saoránaigh uile. Tá Meitheal Cultúir láidir, ina bhfuil saineolaithe ina ndisciplíní féin, curtha ar bun ag Comhairle Chontae an Chláir chun féachaint chuige go gcuirfear an clár i bhfeidhm sa chontae. Feidhmeoidh an mheitheal i gcomhar leis an bpobal agus le grúpaí a mbeidh deis acu a dtionscnaimh shainiúla féin a fhorbairt. I mbliana féin, bunaíodh próiseas comhoibrithe chun aiseolas a fháil ó na príomhrannáin de chuid Chomhairle Chontae an Chláir ionas go mbeadh gach stiúrthóireacht rannpháirteach i dtionscnaimh Éire Ildánach an Chláir agus go mbeadh na tionscnaimh sin cuimsitheach idir fhócas agus leithead. Is é is toradh leis seo ná sineirgíocht idir disciplíní ar leith na mball den Mheitheal Cultúir sna réimsí seo a leanas: fiontraíocht, turasóireacht, forbairt tuaithe, leabharlanna, na healaíona, oidhreacht, musaem agus Glór. Tá plean gníomhaíochta don bhliain 2018 ann in éindí leis an straitéis seo agus déanfar plean bliantúil a fhorbairt chuile bhliain faoi cheannasaíocht an Stiúrthóra Forbartha Sóisialta agus Chomhordaitheoir Éire Ildánach an Chláir.

Tríd an straitéis seo, déantar an ról tábhachtach atá ag an gcruthaitheacht agus ag léiriú cultúrtha inár bpobail áitiúla, inár mbailte agus inár sráidbhailte a chur chun cinn. Sin í an fhís atá againn, agus, cé gur daoine iad muintir an Chláir a thugann aird ar an gcultúr, atá bródúil as ár n-oidhreacht agus ár dtraidisiúin agus atá oscailte do ghnásanna cultúrtha nua, tá de thuiscint againn gur gníomhaíocht shíor-éabhlóideach í seo. Fáiltím roimh thréimhse chúig bliana a bheith tugtha don straitéis, mar go dtugann sé sin deis dhóthanach agus am dóthanach chun bonn comhtháite a fhorbairt le haghaidh aon chinntí a dhéanfar le linn an earnáil seo a chur chun cinn sna blianta atá amach romhainn. Tréaslaím a gcuid oibre le baill na Meithle Cultúir le linn an straitéis a chur le chéile agus táim ag dúil leis na comhpháirtíochtaí úra pobal-bhunaithe a eascróidh as sin agus le treisiú ár bpobal uile mar thoradh ar an tionscnamh sainiúil náisiúnta seo.

**Príomhfheidhmeannach Pat Dowling**
Comhairle Chontae an Chláir

Clare County Council, through the Culture Team, has created a comprehensive Strategy for the period 2018–2022. Culture and creativity have been prioritised through programmes, projects and actions that will ensure that we, as a county, deliver under our mandate to create opportunities for all of our citizens.

As a Local Authority we want to ensure there is a cultural vibrancy in the places where we live and work, places where artists and creative practitioners are active and respected, places where cultural expression is a common feature and access to creative activity is normalised. These represent key attributes of a strong society. Clare County Council has mobilised a strong Culture Team, specialists within their fields, to deliver the programme in the county. The team will work alongside communities and groups who will have opportunity to develop their own unique projects. This year we initiated a collaborative process for feedback across key sections within Clare County Council so that the Creative Ireland Clare projects would be cross-directorate and therefore comprehensive in spread and focus. The results are a synergy between the Local Authority's Culture Team's individual disciplines in the areas of: enterprise, tourism, rural development, libraries, arts, heritage, museum and glór. An activation plan accompanies this strategy and one will be developed on an annual basis, led by the Director of Social Development and the Creative Ireland Co-ordinator for Clare.

The strategy promotes the important role that creativity and cultural expression plays in our local communities, towns and villages. This is our vision and while we, the people of Clare, are a culturally conscious people, proud of our heritage and traditions and open to new forms of cultural expression, we know that this is a continuously evolving activity. I welcome the fact that the strategy is of five years duration and therefore provides ample opportunity and time to develop a coherent basis for any decisions made in the advancement of this sector in the years to come. I commend the Culture team on their work in compiling the strategy and look forward to the new community based partnerships it will bring and to the strengthening of our communities through this unique national initiative.

**Pat Dowling**
Chief Executive, Clare County Council




Sráid na Cathrach
*Miltown Malbay*

# 3 An Cultúr agus an Chruthaitheacht i gContae an Chláir

## Culture and Creativity in Clare

Is leor sracfhéachaint ar léarscáil an Chláir lena thuiscint gur ceantar imeallach é ar an-chuid bealaí. De chomhcheilg gheografach, feidhmíonn Abhainn na Sionainne agus An tAigéan Atlantach chun é a scoitheadh amach go hiomlán, nach mór, de na contaetha comharsanacha máguaird. Agus is cosúil go ndeachaigh an t-eisiachas tíreolaíoch seo i gcion ar an léarscáil pholaitiúil chomh maith. Ón uair gur scoitheadh é de Chonnacht, áit is dual dó a bheith ó thaobh an luí thíreolaíoch de, is cosúil, ag tréimhsí éagsúla i ndiaidh an chéad scoite sin, gurbh ann don Chlár (nó Tuadhmhumhan, mar a thugtaí air tráth) mar thalamh chríche thairseachúil, de chineál, a gabhadh isteach i gConnacht ar uaireanta, agus ar uaireanta eile sa Mhumhan. Is áit iargúlta ann féin é An Clár go dtí an lá inniu féin, ar bhealach, ós é an t-aon chontae i gCúige Mumhan atá ar an taobh thiar d' Abhainn na Sionainne. Ba é Thomas Westropp, ársaitheoir agus seandálaí, a d'fhógair go beacht é nuair a thagair sé do himlínte tíreolaíocha agus cultúrtha an Chláir mar seo a leanas: "the county was surrounded on three sides by water and by the enmity of Connacht on the fourth".

Tá dlúthcheangal idir ár dtuiscintí cultúrtha agus ár bhféiniúlacht. Tagraíonn R.S. Thomas dó seo ar an dóigh seo: "we only know who we are by knowing where we are. A particular place creates around us a unique culture that gives us not only our identity, but also our vision and values". Luíonn sé le réasún, más ea, gurb iad ár dtuiscintí ar ár n-oidhreacht chultúrtha a threoróidh ár ngníomhaíocht sa todhchaí. Tá cuid mhór codarsnachtaí ag baint leis an gClár mar chontae, agus is ceantar é a bhfuil rian na ndaoine a mhair ann thar thréimhse na staire fágtha ar an tírdhreach acu. Is rud le háireamh í oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht fhoirgnithe an chontae. Tá tréithe sainiúla ann agus an iliomad samplaí den chineál is fearr dá bhfuil ann abhus agus i gcéin. Go deimhin, is i gContae an Chláir a friothadh an fhianaise is luaithe ar chur faoi an duine, mar atá, pláitín glúine saothraithe béir, a friothadh i bpluais in Edenvale, gar do Inis, agus a bhfuil dáta 10,500 R.Ch. sa tréimhse Phailéiliteach deimhnithe dó. Tá cruthú ar sheilgeoirí a bheith ann i gceantar chósta Bhoirne Thuaidh toisc fianaise i gcarn sliogán ón dtréimhse Mhéasailiotach a dtángthas air i bhFánóir; agus ní beag le háireamh í fianaise na tréimhse Neoiliotaí, mar atá, líon mór tuamaí atá breactha ar fud an chontae, lena n-áirítear dolmán iomráiteach Pholl na mBrón agus iliomad tuamaí dingeacha Bhoirne.

D'fhág an Chríostaíocht rian nach beag ar thírdhreach an Chláir. Tá flúirse suíomhanna manachúla ann, amhail lonnaíocht Naomh Seanáin ar Inis Cathaigh agus suíomh Chaimín Naofa ar Inis Cealtra ar bhruacha Loch Deirgirt agus suíomh Naomh Tóla sa Díseart. Tháinig oird bheannaithe na Mór-Roinne ó thús an dara chéad déag agus bunaíodh, ina measc, tithe na nAibhistíneach ag Mainistir an Chláir agus Inis Gad, Mainistir na gCistéirseach ag Corca Mrua i mBoirinn agus na Proinsiasaigh in Inis agus sa Chuinche. Bunaíodh, leis, Clochar na nAibhistíneach i bhfearann Chill Eoghain. Ba iad clanna Gaelacha an Chláir ná na Mathúnaigh, muintir Mhic Con Mara agus Uí Lochlainn, agus clanna eile Dhál gCais, a raibh na Brianaigh in uachtar orthu uile. Ceapadh Brian Boru (Brian Bóruma Mac Cennétig, Sean-Ghaeilge) Chill Dá Lua ina Ardrí ar Éirinn agus ba dhaingean Gaelach é An Clár i bhfad i ndiaidh theacht na Normannach. Muireadhach Ó Briain a ceapadh ina chéad Iarla ar Thuadhmhumhain sa bhliain 1543 agus, ó shin i leith, aithnítear an t-ainm Brianach a bheith dlúthcheangailte le Contae an Chláir.

A glance at the map will show that county Clare is in many respects a peripheral region. The River Shannon and the Atlantic have combined to form a near total circumfluence which separates the county from virtually all of its neighbours. And this geographical exclusiveness would seem to have impacted on the political landscape as well. Originally wrested from Connacht, to which it was geographically attached, at several periods in its subsequent history Co. Clare, or Thomond as it was once called, appears to have existed as a kind of liminal borderland annexed sometimes to Connacht, sometimes to Munster. Even to this day Clare remains something of an outland, being the only Munster county west of the Shannon. Thomas Westropp, Antiquarian, put the geographical and cultural contours of Clare most succinctly when he said that "the county was surrounded on three sides by water and by the enmity of Connacht on the fourth".

Our sense of culture is intrinsically linked to our sense of identity. R.S. Thomas portrays this as "we only know who we are by knowing where we are. A particular place creates around us a unique culture that gives us not only our identity, but also our vision and values." It follows then that our values and understanding of our cultural heritage will inform our actions in the future. Clare is a county of many contrasts and historically a land clearly defined by those who have lived here and left their marks on the landscape. The natural and built heritage of the county is vast, it represents unique features as well as many of the best examples of their kind in the country and further afield. Indeed Ireland's earliest evidence of human occupation comes from Clare – a worked bear patella from a cave at Edenvale near Ennis dates from the Palaeolithic period around 10,500 BC. A Mesolithic shell midden from Fanore provides proof of later hunter gatherers along the North Burren coastal region and Neolithic evidence comes from the numerous tombs scattered throughout the county including the famous dolmen at Poulnabrone and the Burren's numerous wedge tombs.

Christianity left a strong imprint on the landscape of Clare – early monastic sites abound from St Senan's foundation on Scattery Island to St Caimin in Inis Cealtra on Lough Derg to St Tola at Dysert O'Dea. The continental monastic orders arrived from the twelfth century with houses of Augustinian Canons at Clare Abbey and Canon Island, Cistercians at Corcomroe in the Burren and Franciscans at Ennis and Quin. A nunnery of Augustinian Canonesses was founded at Killone also. The Gaelic Clare clans included McMahons, MacNamaras and O'Loghlens and other septs of the Dál gCais with the name of O'Brien prominent above all. Brian Ború became High King of Ireland from his base at Killaloe and Clare remained a Gaelic stronghold long after the arrival of the Anglo-Normans. Murrough O'Brien became the first Earl of Thomond in 1543 and the O'Brien name remained synonymous with Clare until modern times.

As manglam seo an tírdhreacha ársa, na farraige agus na ndaoine a d'eascair cultúr atá saibhir, idir scríobh agus cheol. Tá idir fhilí agus fhilíocht go flúirseach go dtí an lá inniu féin, ach seasann file amháin ina fhathach ina measc, mar atá Brian Merriman, fear a chuir peann le pár agus a chum 'Cúirt an Mheán Oíche', dán a bhfuil breis agus míle líne ann. Tá sé aistrithe go Béarla ag mórchuid aistritheoirí faoin teideal 'The Midnight Court'. Ar na príomhthéamaí atá sa dán tá cruachás na mban óg a bhfuil fir chéile de dhíth orthu, aontumhacht na gcléir, an grá neamhgheanmnaí, agus anró bhean óg a bhfuil seanfhear seargtha mar chéile aici. Maítear é a bheith ar an dán is clúitiúla sa Ghaeilge. Is i bhfoirm físe, nó 'aislinge' atá sé. Is réaltaí domhanda iad leithéidí Edna O'Brien agus Niall Williams. Tá ábhar shaothar an Bhrianaigh faoi thionchar na scéalaíochta agus na staire áitiúla agus faoi thréithe tíreolaíocha ar leith de chuid an chontae amhail fáinní Draoithe agus oileán naofa Inis Cealtra i Loch Deirgirt. Tá an contae chomh domhain sin i ndéanamh an Bhrianaigh go n-aimsíonn muintir an Chláir iad féin ina cuid scríbhinní i gcónaí. Sa bhliain 2015, in agallamh a thug Niall Williams, údar a rugadh i mBaile Átha Cliath ach a bhfuil cónaí air i gContae an Chláir le breis is 20 bliainfiafraíodh de cén áit sa domhan a bhfilleann sé air i gcónaí agus cén fáth a bhfilleann sé ar an áit sin agus d'fhreagair sé: "The sea at Doughmore, County Clare, it blows open your soul". Toisc chinnteacht na gCláiríneach faoi inspioráid na tríológe The Lord of the Rings, le J.R.R Tolkien, a bheith ginte i mBoirinn, bunaíodh Féile J.R.R Tolkien siar i 2014. Is ceiliúradh é an teacht le chéile seo ar áilleacht neamhshaolta cheantar Bhoirne, rud a chreidtear a chuaigh go mór i gcion ar Tolkien ar bhealach nach beag agus an t-úrscéal eipiciúil á scríobh aige. Seans gurbh iad tionchar an tírdhreacha fhiáin sceirdiúil mar aon le Poll na gColm, in éindí le heilimintí áirithe as miotaseolaíocht na hÉireann ba bhunús leis An Domhan Láir ag Tolkien.

From this configuration of ancient landscape, sea and dominant peoples sprung a culture rich in written and musical expression. Poetry and poets abound in the county to this day but one famous poet perhaps stands above the others, Brian Merriman, writing in his native Irish language, penned an epic poem of well over a thousand lines. It has been translated into English as "The Midnight Court" by many translators. The principal themes are the plight of young women who lack husbands, clerical celibacy, free love, and the misery of a young woman married to a withered old man. It is probably the most famous poem in the Irish language. It is written in the form of a vision or "aisling". Luminaries on the world stage in the literary tradition include Edna O 'Brien and Niall Williams. The content of O'Brien's work has been coloured by local lore and history and by distinctive geographic features of the county such as Druids' circles and Holy Island (Inis Cealtra) in Lough Derg. County Clare remains so much in O'Brien's veins that the people here continue to find themselves in her works. Niall Williams, an author born in Dublin but living in Clare for over 20 years, was asked in 2015 where in the world he found himself returning to and why? His answer was – "The sea at Doughmore, County Clare, it blows open your soul". So certain are locals that J.R.R. Tolkien drew on the Burren for his inspiration for the Lord of the Rings trilogy that a J.R.R. Tolkien festival was established back in 2014. This unique gathering is a celebration of the eerie beauty of the Burren area, which is believed to have been a considerable influence on J.R.R. Tolkien's work. The untamed, rugged local landscape, including a cave known as Poll na gColm (pronounced 'Pole na Gollum'), as well as elements of Irish mythology, may have provided inspiration for Tolkien's creation of Middle Earth.

Ar an dóigh chéanna go luaitear contaetha áirithe le héachtaí ar leith ar nós an spóirt nó eile, is é is túisce a thagann i gcuimhne d'Éireannach ar bith a luaitear Contae an Chláir leis ná an ceol traidisiúnta. Tá tús áite sainiúil ag An gClár i stair an cheoil thraidisiúnta. Is é is baile do Bhanna Céilí Chill Fhionnúrach agus do Bhanna Céilí na Tulaí, Stockton's Wing, Sharon Shannon, Noel Hill, Peadar O'Loughlin, Martin Hayes agus an feadaire iomráiteach Micho Russell. Ba in Inis an Chláir a rugadh Maura O'Connell, agus cá hann don té a ligfeadh focail phramsacha 'Lisdoonvarna' le Christy Moore i ndearmad. Eagraíodh Fleadh Ceoil na hÉireann sa chontae sna blianta 2016 agus 2017 agus reáchtáiltear an iliomad féilte eile sa cheol traidisiúnta sa chontae, a bhfuil Scoil Samhraidh Willie Clancy i measc na gceann is cáiliúla díobh. Is i mí Iúil gach bliain, i Sráid na Cathrach, a eagraítear an fhéile mar chuimhneachán ar an bpíobaire cáiliúil, Willie Clancy. I 2018, beidh comhoibriú nuálach ann idir an 46ú scoil samhraidh agus Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceoil, in Ollscoil Luimnigh, agus é mar aidhm aige go gcuirfear clár creidiúnaithe ar fáil do mhic léinn a fhreastalaíonn ar Scoil Samhraidh Blas in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh agus ar Scoil Samhraidh Willie Clancy i mí Iúil.

Is ar éigean atá dornán contaetha sa tír a bhfuil an saibhreas scéalaíochta acu is atá ag Contae an Chláir. Áirímis ina measc scéal mhallacht Biddy Early ar fhoireann iománaíochta an Chláir sna 1930adaí agus traidisiún béil na scéalaíochta atá tugtha anuas ag na glúnta go dtí an lá inniu. Sainmharc na nGael ab ea an laochas spóirt i gcónaí agus ba de thoradh ar fhís an Chláirínigh, Mícheál

Just as counties are indelibly linked with sporting or other prowess – mention Clare to any Irish person and the subject of traditional music comes to the fore. County Clare has maintained a unique and dominant position in the history of traditional music. It is home to the iconic Kilfenora and Tulla Céilí Bands, Stockton's Wing, Sharon Shannon, Noel Hill, Peadar O'Loughlin, Martin Hayes and the legendary tin whistler Micho Russell. Ennis in County Clare is also the birthplace of the singer Maura O'Connell and once heard who can forget the lilting lyrics of Christy Moore's "Lisdoonvarna". The county played host to Fleadh Cheoil na hEireann in 2016 and 2017 and has many traditional music festivals – one of the most famous is the Willie Clancy Summer School, held every July in the town of Miltown Malbay in memory of the famous uilleann piper Willie Clancy. The 46th summer school in 2018 is entering into an innovative collaboration with the Irish World Academy of Music and Dance in the University of Limerick to offer students an accredited programme based on attendance at both the Blas Summer School in UL in June and the Willie Clancy in July.

There are probably few counties as rich in lore and legendary tales as Clare, from the supposed curse of Biddy Early upon the Clare hurling team to the rich oral tradition handed down through the generations to this day. It follows that pride in sporting prowess was a hallmark of the Gael, this passion for all things Gaelic began with the visionary persona of Michael Cusack – one of the most influential

Cíosóig, a d'eascair paisean na nGael i leith na gcluichí Gaelacha. Rugadh sa Charn é sa bhliain 1847 agus bhí sé ar dhuine de na daoine ba mhó a chuaigh i gcion ar chúrsaí a linne. Tá fágtha le hoidhreacht ag an gCíosógach go bhfuil breis agus 1,600 club de chuid an CLG i sráidbhailte agus i mbailte na tíre, gan trácht ar a bhfuil de chlubanna sa Ríocht Aontaithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Astráil agus i dtíortha eile nach iad. Agus féach go bhfuil mallacht bhlianta na 1930adaí díbeartha ag foirne an Chláir mar thoradh ar Chraobh na hÉireann san Iománaíocht a bhuachaint sna blianta 1995, 1997 agus 2013.

Is leor spléachadh ar chuid de thraidisiúin an Chláir le go dtuigfí a bheoga agus atá an cultúr sa chontae. Tá breis agus 150 bliain de thraidisiún an chleamhnais i mbaile Lios Dúin Bhearna curtha dínn ó thosaigh na patuaisle ag déanamh ar an spá den chéad uair chun 'na híocuiscí a ghlacadh'. Is ann d'fhéile Mheán an Fhómhair i gcónaí, uair a spreagtar cuairteoirí chun 'Cleamhnas a Dhéanamh', agus ní beag mar mhaíomh ag Willie Daly, fear déanta na gcleamhnas, ar den tríú glúin é, go bhfuil breis agus 3,000 cleamhnas déanta aige. Ní hann don 1ú Feabhra, dar le go leor, mura dtugtar cuairt ar Thobar Beannaithe Bhríde sa Lios Ceannúir, agus is minic le feiceáil fós iad Buachaillí Lá an Dreoilín, agus idir sheinnt agus dhamhsa agus charnadh airgid acú Lá 'le Stiofáin. Is cruthú é seo uile ar an meas síoraí a mhaireann ar oidhreacht agus chultúr sa chontae. Ach tá traidisiúin úra á gcruthú chomh maith – féach foghlaim surfála ar An Leacht nó dúshlán Thonn Aileen faoi Aillteacha an Mhothair, nó siúl na n-iliomad conair Bhoirneach. Tá fás ar chultúr an bhia sa chontae – i 2017, don chéad uair riamh i gcás tigh thábhairne, bronnadh Réalt Michelin ar an Wild Honey Inn i Lios Dúin Bhearna, gan trácht ar Thigh Uí Mhuirgheasa ar

people of his time and a son of Clare, born in Carron in 1847. Michael Cusack's legacy can be seen in every village and town in the country in the form of over 1,600 GAA clubs with more in the UK, USA, Australia and many other countries across the world. Clare's successful Hurling All Ireland wins in 1995, 1997 and 2013 have finally banished the Biddy Early curse.

A look at some of the traditions in Clare give an insight into the vibrant culture of the county. The matchmaking tradition in Lisdoonvarna is over 150 years old originating with the gentry who came to the spa town to 'take the waters'. The September festival continues to encourage visitors to 'Meet, Match and Make a Life' and third generation matchmaker Willie Daly boasts over 3,000 marriages. Visiting St Brigid's well in Liscannor on the 1st February is a must for many and Wrenboys can still be seen travelling the county on St Stephen's Day playing music, dancing and collecting money. The survival of such traditions are proof of the continuing respect for heritage and culture in the county. But new traditions are also being made – learning to surf in Lahinch or the more daring Aileen's Wave at the Cliffs of Moher, and trekking the many Burren trails. Food culture is growing in popularity, in 2017 the Wild Honey Inn in Lisdoonvarna became the first Irish Pub to win a Michelin Star while Morrisseys of Doonbeg boasts a Michelin Bib Gourmand. And again, in 2017, due recognition was given to the welcoming nature of Clare people when Ennis was named Ireland's friendliest town.





An Dún Beag, a bhfuil gradam an Michelin Bib Gourmand aige. Agus fós eile, i 2017, aithníodh groíúlacht fháilteach mhuintir an Chláir nuair a ainmníodh Baile na hInse ar an mbaile ba mhó fáilte in Éirinn.

Is sainmharc aitheantais den Chlár í an fhiontraíocht, rud is suntasaí ar fad i gcás bhunú Aerfort na Sionainne. Bunaíodh an t-aerfort féin i 1942, agus ba ann, i 1947, a osclaíodh an chéad siopa ar domhan a bhí saor ó dhleacht, a bhuíochas sin do fhís Bhreandáin Uí Riagáin. Ba é an ceannródaí céanna a bhunaigh Zón Saorthrádála na Sionainne i 1959 – zón a bhfuil achar 600 acra ann anois, 200 foirgneamh agus 100 comhlacht atá ag tacú le 7,000 post sa cheantar. Ba é bunú Bhaile na Sionna sna seascaidí méar mhullaigh na hiarrachta agus tá d'inmheacht anois ag an Zón Saorthrádála agus an tAerfort Idirnáisiúnta freastal ar mhargaí na hEorpa, an Mheán-Oirthir, na hAfraice, na hÁise agus eile. Ba éacht eile sa Chlár í i laethanta luaithe an Stáit mar a chuaigh an contae i bhfeiliúint don fhorbairt infrastruchtúir ba ghá in Ard na Croise sna 1920adaí – scéim hidrileictreach a críochnaíodh taobh istigh d'achar 7 mbliana tar éis bhunú an Stáit Neamhspleách, agus ar chostas aon chúigiú de bhuiséad náisiúnta an ama, agus féach go bhfuil sí ag feidhmiú léi i gcónaí. Le blianta beaga anuas, tá Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine, gar do Chill Rois, ar cheann de na stáisiúin ghinte leictreachais is mó in Éirinn. Nach ar mhac Lios Ceannúir féin, John Philip Hammond (ceapadóir an chéad fhomhuireáin) a bheadh an bród toisc ionchur a chontae dúchais i bhforbairt an Stáit i ndiaidh bháis dó.

Tá cúram déanta de na hEalaíona ag Comhairle Chontae an Chláir le fada, rud ba léir nuair a rinne an tÚdarás Áitiúil céanna an chéad Oifigeach Ealaíon sa tír a cheapadh i 1985. Tá na healaíona faoi bhláth i gcónaí, agus sinn scór go

Entrepreneurship has been a hallmark of Clare identity – demonstrated most notably in the establishment of Shannon. The Airport was established in 1942 with the world's first duty free opening in 1947, the brainchild of Brendan O'Regan. This visionary created the Shannon Free Zone in 1959 – now covering 600 acres, 200 buildings, housing 100 companies and supporting 7,000 jobs in the area. The foundation of Shannon Town in the 1960s completed the project and the Free Zone and International Airport now have the potential to serve markets in Europe, the Middle East, Africa, Asia and beyond. Another major feat in Clare was the facilitation of a national infrastructural development early on in the history of the State, Ardnacrusha in the 1920's – the Shannon hydroelectric scheme was completed within 7 years of Irish Independence at a cost of one fifth of the Irish State's annual budget at the time and is still generating power today. In recent years, the Moneypoint Power Generating Station near Kilrush is one of Ireland's largest electricity generation stations. John Philip Holland of Liscannor (the inventor of the submarine) would have been notably proud of his county's contribution to the development of the state after his lifetime.

Support to the Arts has always been a commitment of Clare County Council with the Local Authority leading the way with the establishment of the first Arts Officer in the country in 1985. Over 30 years later the arts continue to flourish with opportunities for

leith bliain ar aghaidh, agus tá deiseanna gnímh agus taispeántais ann i nGlór agus i gCultúrlann Uí Shuibhne ar an gCill Chaoi. Tugann bunú stiúideonna ar an Tualach, in Inis Díomáin agus in Inis idir thacaíocht do ealaíontóirí físiúla a gceird a chleachtadh i gContae an Chláir, agus deis chúnta d'ealáiontóirí óga fanacht sa mbaile. Tháinig leithéidí na n-ealaíontóirí idirnáisiúnta Sir Frederick William Burton agus Sydney Nolan faoi anáil an chontae, agus áirítear ealaíontóirí comhaimseartha ar nós Samuel Walsh, Mick O'Dea, PRHA, agus Deirdre O'Mahony ina n-ealaíontóirí den scoth sa mbaile agus i gcéin. Mealltar na dosaenacha de mhic léinn idirnáisiúnta go Baile Uí Bheachain go bliantúil, áit a bhfuil Coláiste Ealaíon na Boirne faoi bhrat an tírdhreacha inspioráidigh.

Is beag a thógann sé chun muintir an Chláir a mhealladh chun na n-ealaíon. Deimhníonn cláracha ar nós Scéim na nEalaíontóirí sna Scoileanna, Ealaíontóirí ar Mhíchumas agus imeachtaí Fhéile Bealtaine go gcuirtear na healaíona faoi bhráid shaoránaigh an chontae, nach mbeadh teacht acu orthu murach na scéimeanna sin. Tá an cultúr go fras i measc an phobail, bíodh sin sna seisiúin cheoil fud fad an chontae nó sna cumainn drámaíochta a mheallann na sluaite chun breathnú ar a léiriúcháin sna hallaí pobail agus paróiste ó cheann ceann an chontae. Tá meas ag na pobail áitiúla ar thallanna agus rólanna na n-ealaíontóirí, agus maireann siad inár measc agus iad ag cur le saibhreas an tsaoil. Tá Glór in Inis maoinithe ag an Údarás Áitiúil agus tá an áis sin chun tosaigh san iarracht chun ealaíontóirí agus éalaín ardchaighdeáin a chur ar fáil dá lucht féachana.

Go hachomair, dá mbeadh ar Chontae an Chláir a theist féin a fhógairt, mhaíodh sé as a thírdhreach dúrúnda creagach álainn, atá breactha le daoine cruógacha cineálta a

performance and exhibitions at glór, Ennis and Cultúrlann Sweeney, Kilkee. The creation of artist studios in Tulla, Ennistymon and most recently Ennis supports visual artists in making work in Clare, and offers young artists the opportunity to stay at home. International artists such as Sir Frederick William Burton and Sydney Nolan have been inspired by the county while contemporary artists such as Samuel Walsh, Mick O'Dea PRHA and Deirdre O'Mahony are considered leading Clare artists, nationally and internationally. The acclaimed Burren College of Art, with a backdrop against the inspiring Burren landscape in Ballyvaughan, attracts dozens of international students annually.

The people of Clare need little encouragement to actively participate in the arts. Programmes such as the Artist in Schools scheme, the Embrace Arts & Disability Programme and events such as the Bealtaine festival, reach members of the community of Clare that may otherwise find it difficult to access the arts. Culture in the community abounds, with nightly music sessions taking place countywide and local drama groups attracting huge audiences for their staged productions in community centres and parish halls throughout the county. The talent and role of artists is valued here by local communities, they live amongst us and enrich our lives. The Local Authority supported venue at glór in Ennis is a leading arts centre for audiences, artists and communities providing consistent quality arts experiences.





chuireann fáilte roimh chách. Ní fearr a dhéanfaí ná aird a thabhairt ar thagairtí na n-ealaíontóirí a roghnaigh cur fúthu i gContae an Chláir chun an cheist mhór a fhreagairt: 'Céard é faoi Chontae an Chláir a spreagann thú?'

### Faoi anáil ag…

"… maidhmeanna dosheachanta an Atlantaigh, aillteracha millteanacha, cloch chreagach na Boirne, rian na lapaí ar an dTrá Gheal, caisleáin atá glan ar chuairteoirí, báisteach, teampaill ina bhfothracha, Cor Chom mRua an uaignis, loig chianacha phágánta, fuascailteoirí finscéalacha, magairlíní 'gus dobharchúnna, Cadhain Cheanada agus féileacáin, áit phárcála, peirspictíochtaí iontacha na bpáistí, a thuilleadh báistí, loime scáfar na bhfilegcarad."

**Mike Douse**
Cumann Filíochta

"Ba mar thoradh nádúrtha cruthaitheach ar bhíogúlacht an chruthaitheachais dhúchasaigh san áit a bunaíodh Coláiste Ealaíne na Boirne. Is foinse shíoraí í An Bhoireann a chuireann ar chumas ealaíontóirí a nglórtha cruthaitheacha sainiúila a aimsiú. Tá sé mar atá i bhfocail Heaney, 'to catch the heart off guard and blow it open'."

**Mary Hawkes-Greene**
Coláiste Ealaíne na Boirne

"Is é a spreagann an cruthaitheachas ionam ná cónaí a bheith orm i sráidbhaile ársa Dhroichead an Chláir, nó 'An Clár' mar a thugtaí air le linn m'óige. Is é a thug ainm don chontae ina bhfuil sé. Sníomhann Abhainn an Fhorghais léi tríd an bhaile agus, toisc í a bheith faoi thionchar na taoide, feictear athrú na habhantraí ceithre uaire sa ló, rud a dheimhníonn éagsúlacht flora agus fauna. Is iomaí péintéir agus grianghrafadóir

In summary, if Clare was to give an account of itself it would show an enigmatic, rugged and beautiful landscape, peopled with an industrious, kind hearted people – welcoming of visitor and stranger alike. We can only draw on those who have made Clare their home to answer the final question – what about Clare inspires you?

### Inspired by…

"…inevitable Atlantic breakers, overwhelming cliffs, tormented Burren stone, pawmarks on White Strand beach, tourist-free castles, rain, crumbling churches, lonely Corcomroe, primal pagan places, legendary liberators, orchids and otters, Brent Geese and butterflies, a parking space, children's astonishing perspectives, more rain, the scary honesty of fellow-poet friends."

**Mike Douse**
Poetry Collective

"Establishing the Burren College of Art was a natural creative response to the innate creative energy of the location. The Burren continues to be the wellspring that enables artists connect with their true creative voice, to in Heaney's words "catch the heart off guard and blow it open."

**Mary Hawkes-Greene**
Burren College of Art

"What inspires my creativity in Clare is living in the ancient village of Clarecastle, known simple as the Village of Clare in my youth, a village that gave its name to County Clare. The river Fergus flows through the village and is tidal, resulting in a changing riverscape every six hours, with a diversity of flora and fauna. The picturesque

ar thug Mainistreacha an Chláir agus Chill Eoin ábhar saothair dóibh thar na blianta. Is iontach mar chur i gcuimhne dúinn ar chreideamh na ndaoine é seanbhóthar an Oilithrigh a rinne cúrsa as Inis go Mainistir Chill Eoin, agus é ag déanamh aistir trí Choillte an Bhaile Bhig nó gur bhain sé ceann scríbe ag Tobar Eoin Naofa."

**Eric Shaw**
Clare Roots

"Is í an stair agus an tseandálaíocht a dhéanann ciall den am atá thart agus is iad a thugann tuiscint dúinn ar an am i láthair. Go deimhin, is cuidiú dúinn iad maidir lenár bhfís don todhchaí. Anuas air sin, tugann siad indearcadh dúinn ar ár gcultúr féin agus ar chultúir dhaoine eile in áiteanna éagsúla. Is léargas dúinn iad ar chruthaitheachas na ndaoine a d'imigh romhainn agus spreagann sé sinn chun an oidhreacht sin a chaomhnú."

**Mary Kearns**
Cathaoirleach, Cumann Seandálaíochta agus Staire an Chláir.

"Le linn tréimhse na ndeich mbliana seo thart bhí sé de phribhléid agam idir thaifead agus éisteacht a dhéanamh ar go leor de sheanfhondúirí an Chláir. Fud fad an chontae, roinneadar a gcuimhní liom. Is iomaí athrú suntasach agus ócáid mhór atá tarlaithe in Éirinn le céad bliain anuas agus tá sé den tábhacht go gcloisfí cuntais na ndaoine a mhair ag an am ina leith sin. Déanaim iontas i gcónaí den stór eolais atá ag na daoine seo ar nósanna, thraidisiúin agus tarlúintí stairiúla an ama. Im' thuairimse, tá indearcadh ríluachmhar le fáil sna cuntais bhéil seo ar shaibhreas agus éagsúlacht oidhreacht chultúrtha an Chláir."

**Jackie Elger**
Staraí Béil

ruins of Clare Abbey and Killone have been painted and photographed over the years. The old Pilgrim Road that ran from Ennis to Killone Abbey, through Ballybeg Woods and ending at St. John's Well, is a wonderful reminder of the faith of the people."

**Eric Shaw**
Clare Roots

"History and archaeology help us to understand our past, which in turn helps us to understand our present. It even helps us to plan for our future. It allows us to gain insights into our own culture as well as the culture of other people and places. It gives us an appreciation of the creativity of those who went before us and inspires us to protect and preserve that legacy."

**Mary Kearns**
Chairperson of the Clare Archaeological and Historical Society

"Over the past decade, I have had the privilege of recording and listening to many of the older citizens of Clare. Across the county, they have kindly shared with me their memories of the past. Significant changes and important events have occurred in Ireland over the last hundred years and it is important to hear accounts from people, who have lived through these times. I never cease to be amazed by the wealth of knowledge of customs, traditions and historical events that these people possess. For me, these oral history recordings give an invaluable insight into the rich and diverse cultural heritage of County Clare."

**Jackie Elger**
Oral Historian





"Mar dhuine a d'fhill ar Chontae an Chláir i ndiaidh dom a bheith imithe as ar feadh tamaill fhada, is iad na sean-áiteanna a ghriogann cuimhne. Is iad na háiteanna a dtagaim orthu as an nua im' áitreabh sa Bhoireann a ghineann scríbhneoireacht dom. Agus cónaí orm ar imeall Chuan na Gaillimhe, agus mé tumtha san aolchloch, is mór mar atá mo scríbhinní filíochta faoi thionchar ag toradh na haimsire ar an dúlra. Lonnaithe in éindí sa Chlár tá idir chomhluadar na n-ealaíon éagsúil agus thírdhreach inspioráideach agus stair. Dá thoradh sin, mar aon le tacaíocht Oifig na nEalaíon, is áit ar leith í chun a bheith i mbun an chruthaitheachais."

**Karen J Mc Donnell**
File

"Thar aon ní eile, is iad muintir an Chláir a thugann inspioráid dom – is rud le háireamh é a bhfuil de thallann iontu idir cheol agus damhsa, idir ealaíona físiúla agus amharclannaíocht agus scéalaíocht. Tá rabharta flúirseach an chruthaitheachais inár dtimpeall agus is í is aidhm againn in Glór ná oiread deiseanna agus is féidir a chur ar fáil don uile dhuine, idir shean agus óg agus idir eatarthu, é sin le go dtabharfaí deis dóibh uile bláth an chruthaitheachais a léiriú."

**Orla Flanagan**
Stiúrthóir, Glór

"For someone who returned to live in Clare after a long absence, the old places stir memory. Newly-discovered spaces, where I live in the Burren, have become sources for my writing. Living on the edge of Galway Bay, surrounded by limestone, the elemental effects of weather feature prominently in my poetry. Clare is home to a diverse artistic community, inspirational landscapes and history. These, and a supportive Arts Office, make this a special county in which to work creatively."

**Karen J Mc Donnell**
Poet

"The people of Clare are my biggest inspiration – the talent that abounds in terms of music, dance, visual art, theatre and storytelling is breathtaking. Our shores are awash with creative expression, and in glór our objective is to provide as many opportunities for individuals, young, old and in-between, to unleash their talents and express their creative selves"

**Orla Flanagan**
Director of glór.



An Chearnóg, Inis,
Co. an Chláir
*O'Connell Square, Ennis*

# 4 Fís Éire Ildánach don Chlár
## The Creative Ireland Vision for Clare

IS CLÁR ATÁ fréamhaithe sa chultúr é Clár Éire Ildánach, clár atá deartha chun leas an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Luíonn croílár na réasúaíochta sa ról riachtanach atá ag na healaíona i réimsí éagsúla dár saol. Is é is toradh leis an gcineál léirithe seo ná leas na sochaí agus cothú pobal beoga.

Is é Éire Ildánach príomh-uirlis chur i bhfeidhm na dtosaíochtaí a aithnítear in Cultúr 2025 – Éire Ildánach . Tugann tosaíochtaí an tsaothair seo ról intreach do na healaíona agus an chultúir i bhforbairt Stát na hÉireann. Béimníonn sé, leis, an gá atá le méadú a dhéanamh ar rochtain ar na healaíona agus ar rannpháirtíocht iontu, an gá le hardán níos daingne a chruthú dár dtionscail chruthaitheacha agus an gá lenár n-oidhreacht a chaomhnú, agus aird ar leith ar chúrsaí teanga agus tírdhreacha agus ar ár dtimpeallacht. Is é is prionsabal lárnach don doiciméad sin ná go leagfaí níos mó béime ar an tábhacht a bhaineann le tuiscint ar chúrsaí cultúir agus oidhreachta agus ar na tairbhí atá le fáil ó bheith oilte sna healaíona, agus aitheantas á thabhairt do thallann nádúrtha do thallann atá ag teacht chun cinn agus, chomh maith leis sin, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le sochaí atá cruthaitheach agus iléirimiúil i ndomhan síor-athraitheach an lae inniu.

Forbraíodh an clár timpeall ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta. Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar freisin, i dtaca le haidhm na físe a bhaint amach, go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chur i gceangal leis an bpobal.

Fís lárnach de chuid Éire Ildánach is ea go mbeidh deis ag an uile dhuine sa tír a c(h)umas cruthaitheach a thabhairt chun bláthaithe.

Tugtar faoin bhfís ar bhonn Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

THE CREATIVE IRELAND Programme is a culture based programme designed to promote individual, community and national well-being. Its central rationale lies in the vital role that creativity plays in various aspects of our lives. This form of expression results in well-being in society and the maintenance of vibrant communities.

Creative Ireland is the main implementation vehicle for the priorities identified in Culture 2025 – Éire Ildánach . Priorities in this body of work place the arts and culture as intrinsic to the development of the Irish State. It further iterates the need for a national requirement to increase access to and participation in the arts, the need to provide a stronger platform for our creative industries and the need to preserve our heritage with particular focus on language, landscape and our environment. The central tenet of the document places greater importance on an appreciation of culture and heritage, of being skilled in the arts, recognising inherent and developing talent as well as the necessity for society to be creative and versatile in a rapidly changing world.

The programme has been developed around the themes of identity, culture and citizenship. Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

The central vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential.

The vision is pursued through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme:



**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Na Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá Comhairle Chontae an Chláir faoi shainordú Colún 2 de Straitéis Éire Ildánach a chur i gcrích.

Is í fís An Chláir ná 'a chinntiú go dtabharfar deis do mhuintir an Chláir léiriú cultúrtha a aimsiú agus a chleachtadh trí mheán na gníomhaíochta cruthaithí'.

Is é is Éire Ildánach ann ná cuireadh do mhuintir an Chláir go roghnófar, go n-aimseofar agus go gcinnteofar an deis chun blaiseadh d'imeachtaí cruthaitheacha agus cultúrtha an chontae, agus chun páirt a ghlacadh iontu, ionas go gcuirfear ár léiriú cultúrtha chun cinn. Oibreoidh an t-údarás áitiúil i gcomhar le muintir an Chláir le clár a chruthú a léiríonn nádúr intreach na cruthaitheachta comhaimseartha agus, chomh maith leis sin, a léiríonn saibhreas dúchasach ár n-oidhreachta cultúrtha.

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Clare County Council is mandated to deliver under Pillar 2 of the Creative Ireland Strategy.

The Clare vision is "to ensure the people of Clare discover and have access to cultural expression through creative activity".

Creative Ireland Clare is an invitation to the people of Clare to choose, discover, and have opportunity, to appreciate or take part in creative and cultural activity so that we advance cultural expression in the county. As a local authority we will work with the people of Clare to deliver a programme which reflects the intrinsic nature of contemporary creativity as well as the inherent wealth of our cultural heritage.

# 5 Luachanna Éire Ildánach sa Chlár
## The Creative Ireland Values in Clare

### Modheolaíocht

Deimhníodh luachanna Éire Ildánach sa Chlár trí scrúdú a dhéanamh ar aiseolas ón bpobal a fuarthas ar mhodh próiseas comhairliúcháin ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2017 agus ar cuireadh tús leis athuair sa tréimhse ó mhí na Nollaig 2017 go mí Eanáir 2018.

### Gnéithe den phróiseas inmheánach san Údarás Áitiúil i 2017:

Cruinnithe aonair; bunú grúpaí oibre; comhoibriú idir na grupaí fócais sna rannóga cultúrtha; cruinnithe tobsmaointeoireachta chomh maith le seisiúin phleanála tionscnaimh. Tionóladh dhá chruinniú measúnaithe deiridh i mí na Nollag 2017. Ba é Stiúrthóir na Seirbhíse um Fhorbairt Shóisialta a bhí mar cheannasaí ar an bhfoireann agus proifisiúnaí neamhspleách a bhí ann mar áisitheoir. Léiríodh obair an phobail, ach go háirithe, trí rannpháirtíocht daoine den phobal in obair chomhoibríoch na ngrúpaí fócais a raibh idir bhaill foirne, ionadaithe tofa, ghrúpaí agus eagraíochtaí pobalbhunaithe, cleachtóirí de chuid réimse sonrach na healaíne, agus ghníomhairí agus saineolaithe de chuid earnálacha sonracha.

### Comhoibriú idir na Grúpaí Fócais:

D'eisigh ceannairí na rannóg éagsúil – Leabharlanna, na hEalaíona, Oidhreacht, Músaem, Glór, Cartlann, Turasóireacht, Fiontraíocht, Forbairt Tuaithe / Phobail agus Caomhnú – cuireadh chuig na geallsealbhóirí go léir páirt a ghlacadh i gcruinnithe poiblí. Ba dheis iad na seisiúin seo chun ár marana a dhéanamh ar mhisean gach aon rannóige maidir lena haidhm agus maidir le bac ar bith a bheadh ann ar ionchur an phobail. Tugadh aird ar leith ar ról an léirithe chultúrtha agus an ealaíontóra chruthaithigh. Tá bunbhrí na

### Methodology

The values of Creative Ireland Clare have been determined based on an examination of public feedback undertaken through a consultation process which began in March 2017 and recommenced again from December through January in 2018.

### A process of internal engagement across the Local Authority in 2017 included:

One to one section meetings; the establishment of working groups; focus group collaborations between cultural sections; group brainstorming meetings as well as project planning sessions. Two final evaluation meetings also took place in Dec 2017. The team was led by the Director of Service for Social Development and facilitated by an independent professional. The work of community was reflected in particular, through participation in focus group collaborations which included staff, elected representatives, community based groups and organisations, arts specific practitioners, sector specific operators and experts.

### Focus Group Collaborations:

Each section head across Libraries, Arts, Heritage, Museum, glór, Archives, Tourism, Enterprise, Rural Development / Community and Conservation issued a call to engage in public stakeholder meetings. These sessions gave an opportunity to reflect on the mission of each section, its ambition and any barriers to participation by the public. It looked carefully at the role of cultural expression and the creative practitioner. The essence of these sessions is reflected in the values outlined below. The projects that are detailed in the 2018 Activation Plan have come about as a result of this process. They are further measured against their capacity



seisiún seo le sonrú ar na luachanna a léirítear thíos. Is de thoradh ar an bpróiseas seo gurb ann do na tionscnaimh a shonraítear i bPlean Gníomhaíochta 2018. Tá measúnú déanta orthu, leis, maidir lena n-inmhe i gcomhthéacs a bhfeidhm fhadréimseach chultúrtha; méid an pháirteachais phobail; an fhéidearthacht maidir le cineálacha úra comhoibrithe agus maidir le hobair idirdhisciplíneach (féach Aguisín 4).

### Luachanna Éire Ildánach...

### Comhoibriú:

Forbairt Meithle Cultúir gníomhaí a bhfuil de chumas aici comhoibriú a dhéanamh ar thionscnaimh chultúrtha thar ceann an chontae is ea an crann taca atá ag Straitéis An Chláir. Is mór ag Éire Ildánach an Chláir an comhoibriú sin agus tá meas againn ar an saineolas agus an grinneas atá ag an Meitheal Cultúir, foireann a tionóladh toisc na speisialtachtaí atá ag na baill ina rólanna san Údarás Áitiúil, agus iad ag feidhmiú i réimsí éagsúla an chultúir. Fáiltítear roimh chomhoibriú mhuintir an Chláir, a bhfuil teacht acu ar chlár Éire Ildánach an Chláir, agus a bhfuil cuireadh acu, mar ionadaithe pobail, ceannaireacht a thabhairt agus ionchur a dhéanamh ar na tionscnaimh a chinnteofar sa chlár sna cúig bliana atá amach romhainn.

### Cumarsáid

Aithnítear an tábhacht go dtuigfí réasúnaíocht, réasúnú agus bainteachas chlár Éire Ildánach le go bhféadfaidh muintir an Chláir féin é a chur sa tsiúl, blaiseadh de agus nádúr an chláir a dheimhniú don chontae. Is í Oifig Leabharlannaí an Chontae a fheidhmeoidh mar Chomhordaitheoir ar Éire Ildanach an Chláir, agus is í an Oifig sin a ghníomhóidh mar spreagthóir an chláir. Is tríd an oifig sin a chuirfear tionscnaimh chun cinn d'fhonn

for long term cultural impact; degree of community engagement; the possibility of new forms of collaboration and the extent of inter-disciplinary work possible (see Appendix 4).

### Creative Ireland Clare values...

### Collaboration:

The development of a working Culture Team with the ability to respond and work together on cultural projects on behalf of the county is a cornerstone of the Clare strategy. Creative Ireland Clare values collaboration and respects the expertise and insight of the Culture Team, mobilised as a result of the specialisms held as Local Authority representatives in their unique cultural fields. The idea of collaboration is extended to the citizens of Clare who have right of access to the Creative Ireland Clare programme and who by their very nature, and in their representation as community, are invited to collaborate, lead, shape and determine projects under the programme over the course of the next five years.

### Communication

Understanding the rationale, reasoning and relevance of the Creative Ireland programme is valued within this strategy as the means by which the people of Clare come to drive, determine and experience the programme in the county. The promotional vehicle for the programme is the County Librarian's Office as Co-ordinator of Creative Ireland Clare. Initiatives highlighting opportunities for grant aid and community direction will be promoted by this office. In addition, the Creative Ireland national office in the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht liaises at local level across all pillars of the strategy, where necessary. Creative Ireland Clare will support

aird a tharraingt ar chúnamh deontais agus ar threoir don phobal. Anuas air sin, beidh oifig náisiúnta Éire Ildánach, atá lonnaithe sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i mbun idirchaidrimh ar an leibhéal áitiúil maidir le gach colún de chuid na straitéise, de réir mar is gá sin. Tacóidh Éire Ildánach an Chláir le hobair na hoifige náisiúnta agus déanfaidh sé idirchaidreamh léi maidir le gach iarracht mhargaíochta agus chur chun cinn.

## Pobal

Is é atá sa cholún náisiúnta ar faoi atá sainordú ag Comhairle Chontae an Chláir clár Éire Ildánach a oibriú ná 'bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal'. Is mór ag Éire Ildánach an Chláir ceart mhuintir an chontae i leith teacht ar an gclár gníomhaíochta agus deimhnítear go bhfeidhmeoidh an t-údarás lena chinntiú go mbeidh toradh fónta ar na cúig cholún ar fad den chlár i gContae an Chláir. Fáiltíonn an straitéis seo roimh chomhoibriú leis an bpobal chun a chinntiú go bhfuil meas ar ár n-iarrachtaí uile. Aithnímid sainiúlacht na cruthaitheachta atá inár bpobail éagsúla againn agus oibreoimid le chéile chun a dheimhniú go neartófar ár gcumas cruthaitheachta comónta, é sin uile trí chlár Éire Ildánach.

## Rannpháirtíocht

Is iad na deiseanna chun páirt a ghlacadh a dheimhneoidh an leibhéal rannpháirtíochta i gclár Éire Ildánach sa Chlár. Tá tacaíocht agus díograis bhaill na Meithle Cultúir riachtanach do chur i bhfeidhm an chláir agus do mheas na ndaoine air sin. Tá rannpháirtíocht na n-ealaíontóirí agus na gcleachtóirí ealaíne lárnach don uile thionscnamh bliantúil a chuirfear ar aghaidh faoin straitéis seo. Beidh rannpháirtíocht ag ár bpobail i saol cruthaitheach an chontae ina cabhair i dtaca le comhlíonadh ár sainordaithe i leith tacú le cruthaitheacht agus leis an ról atá aici i ndáil le bailte atá bíogúil tarraingteach a fhorbairt, áit ina bhfuil pobail láidre agus ina n-oibríonn pobail ar bhealach uilechuimsitheach ar mhaithe le leas gach duine iontu.

## Uilechuimsitheacht

Sa straitéis seo, tugtar meas ar rochtain, ar pháirteachas agus ar fháilte. Féachfar chuige, i gcás chlár Éire Ildánach sa Chlár, go mbeidh na pobail imeallaithe páirteach ann. Deimhneofar go ndáilfear acmhainní ar dhóigh a chinntíonn esprit de corps an phobail agus go ndéanfar monatóireacht ar a thoradh sin sa phobal. Cinnteofar go mbeidh teacht ar an gcruthaitheacht ina aidhm sheasta ag gach aon tionscnamh agus clár a fhorbraítear. Aithnítear go bhfuil neamhionannas deise ann, agus beidh Comhairle Chontae an Chláir ar a dícheall chun a chinntiú go mbeidh deiseanna ann do gach cineál pobail.

## Inchumhachtú

Bunaíodh clár Éire Ildánach an Chláir chun léiriú cruthaitheach a áireamh agus a chumasú, agus tá ról an phobail riachtanach ó thaobh clár rathúil a chur i bhfeidhm. Aithnítear, leis, an tábhacht a bhaineann le forbairt ár n-inniúlachta agus ár muiníne agus, chomh maith leis sin, le ról na gcleachtóirí cruthaitheacha i múnlú agus i gcumasú na cruthaitheachta. Tríd an obair a dhéanfaimid de thoradh ar an straitéis seo, soláthrófar deiseanna chun ár mbuanna cultúrtha sainiúla a chur in iúl. Is í an aidhm againn féachaint chuige go dtabharfar tús áite do ghnéithe na rogha agus na cothromaíochta sna gníomhaíochtaí agus go léirítear iad i bpleananna gníomhaíochta bliantúla

the work of the national office and liaise with it in regard to all marketing and promotions.

## Community

The national pillar under which Clare County Council is mandated to operate the Creative Ireland programme is 'to enable creativity in every community'. Creative Ireland Clare values the right of access by the people of Clare to the programme and will work across its five pillars to ensure the national programme is successful in Clare. This strategy welcomes collaboration with communities so that all of our contributions are valued. We acknowledge the unique creativity that we have in our communities and we will work together to ensure that we strengthen our collective creative capacity as a whole through the Creative Ireland programme.

## Participation

Opportunities for access will determine participation in the Creative Ireland programme in Clare. Delivering a programme which in turn is valued by the people of Clare requires the support and determination of the Culture Team. Participation by artists and creative practitioners is central to every project developed in the yearly activation plans which will be delivered under this strategy. Participation by our communities in the creative life of the county will assist in our mandate to support creativity and its role in helping shape vibrant and attractive towns, where communities are strong and work inclusively for the wellbeing of all of its members.

## Inclusivity

Having access to, being a part of and feeling welcome is valued in this strategy. We will work to ensure that the Creative Ireland programme in Clare also includes marginalised communities. We will ensure that resources are carefully applied so that a sense of community, as well as the impact on communities is monitored. We will work to ensure access remains a consistent objective within all projects and programmes that will be developed. Inequality of access is acknowledged and Clare County Council will work to ensure communities of all types find opportunity.

## Empowerment

The Creative Ireland Clare programme has been developed to embrace and enable creative expression and the role of community is vital in delivering a successful programme. Developing competency and confidence in our abilities and acknowledging the key role that creative practitioners play in helping shape and enable creativity is also recognised. Opportunities to express the unique nature of our cultural attributes will be provided through our work as a result of this strategy. We aim to ensure choice and fairness are prioritised in the actions and reflected in the yearly activation plans (Appendix 1: 2018 Activation Plan). In Clare, we will work on an Audit of Local Cultural & Creative Resources over the five year programme. This will amass in one portal, a directory of valuable creative people, organisations, networks, community buildings and creative spaces that make up the assets in our communities. We will work to enhance our creative and cultural profile by ensuring that resources in our communities are available to all and are relevant to their purpose.

(Aguisín 1: Plean Gníomhaíochta 2018). I gcás an Chláir, beimid ag obair ar Iniúchadh ar Acmhainní Áitiúla Cúltúir agus Cruthaitheachta thar ré an chláir cúig bliana. Beidh de thoradh air seo go dtiomsófar, in aon chomhad amháin, eolaire luachmhar daoine cruthaitheacha, eagraíochtaí, gréasán, foirgneamh pobail agus spásanna don chruthaitheacht, is é sin, na sócmhainní atá ann inár bpobail. Oibreoimid chun feabhas a chur ar ár bpróifíl chruthaitheach agus chultúrtha trína chinntiú go gcuirfear na hacmhainní atá ann ar fáil don uile dhuine agus go bhfuil siad mar is cuí don chuspóir a bhaineann leo.








Sráid Uí Chonaill, Fleadh Cheoil na hÉireann, Inis
*O'Connell St, Ennis, Fleadh Cheoil na hÉireann*

# 6 Tosaíochtaí Straitéiseacha Éire Ildánach an Chláir
## The Strategic Priorities for Creative Ireland Clare

AR CHEANN DE phríomhaidhmeanna straitéis cúig bliana Éire Ildánach tá go ndéanfar táthú ar na straitéisí cultúrtha ar leithligh atá cruthaithe cheana féin ag na disciplíní atá ann i Meithral Cultúir an Chláir. Tá liosta de na straitéisí cultúrtha ar fáil in Aguisín 3. Chun straitéisí a ailíniú, iarradh ar an Meitheal Cultúir tionscnaimh a shainaithint a thugann deiseanna ar an gcomhoibriú ar fáil d'fhonn cur i gcrích a chinntiú. I gcás gach aon tionscnamh a luaitear thíos, liostaítear é faoi phríomhthéama nó faoi phríomhthosaíocht ar leith, tá sé uimhrithe, tá teideal ar an tionscnamh, luaitear rannóg cheannais leis, luaitear príomh-pháirtithe, tá tráthchlár ann maidir le cur i gcrích, tá leithroinnt buiséad ann agus luaitear méadracht stádais (idir lámha, tosaithe nó gan tosú fós).

D'eascair na Tosaíochtaí Straitéiseacha as tuiscint atá forbartha i leith na n-acmhainní seachtracha atá ar fáil don chlár i gcontae an Chláir agus, ina theallta sin, i leith chumas Chomhairle Chontae an Chláir na tosaíochtaí atá leagtha amach a chomhlíonadh. Beidh solúbthacht ann le linn thréimhse na straitéise, le go mbeifear in ann leas a bhaint as acmhainní úra cultúrtha a thagann chun cinn. Is iad seo a leanas téamaí na dTosaíochtaí Straitéiseacha sa Chlár:

**Tosaíocht 1**
Deiseanna a chruthú chun teacht ar chláir agus ar thionscnaimh úra chultúir

**Tosaíocht 2**
Cumas agus clú cruthaitheach an chontae a fhorbairt

**Tosaíocht 3**
An earnáil chruthaitheach, agus an t-infrastruchtúr a bhaineann léi, a chothú

**Tosaíocht 4**
Comhoibriu chun go bhforbrófar léiriú cultúrtha agus leas

A PRIMARY PURPOSE of the Creative Ireland five-year strategy is to bring coherence to individual culture-based strategies that have already been created by the disciplines within the Culture Team in Clare. A list of the culture based strategies is provided in Appendix 3. In order to align strategies, the Culture Team were required to identify projects which offer opportunity for collaborative practice to ensure delivery. Each project detailed below is listed under a key theme or priority, it is numbered, has a project title, a section lead, key partners, a timeframe for delivery, a budget allocation and a status metric (underway, commenced or not commenced).

The Strategic Priorities have evolved by developing an understanding of the available external resources to the programme in Clare as well as the capacity of Clare County Council to deliver on the priorities outlined. This intention will remain fluid throughout the lifetime of the strategy as new cultural and creative resources develop. The Strategic Priorities themes in Clare are as follows:

**Priority 1**
Create opportunities to access innovative culture based programmes and projects

**Priority 2**
Develop the county's creative capacity and reputation

**Priority 3**
Nurture the creative sector and its infrastructures

**Priority 4**
Work collaboratively to develop cultural expression and wellbeing



**Tosaíocht 5**
Clárú a dhéanamh ar an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach sa chontae

Áiríonn Is iad na tionscnaimh don bhliain 2018 de réir na gcúig seo leanas tosaíochtaí:

### Tosaíocht 1: Deiseanna a chruthú chun teacht ar chláir agus ar thionscnaimh úra chultúir

Déanfaidh an Fhoireann Chultúir tionscnaimh úra a chothú, tacóidh siad lena gcur i bhfeidhm agus déanfaidh siad comhoibriú len iad a fhorbairt. Táthar tar éis tionscnaimh atá nua, lena ngabhann méid áirithe maoine intleachtúla agus a chuireann deiseanna rannpháirtíochta ar fail do phobail an Chláir a fhorbairt faoin tosaíocht seo. Tá sé mar aidhm aici deis a sholáthar le haghaidh léiriú cultúir ar bhealach chomh corraitheach agus is féidir.

**Cuspóirí:**

- **Athbhunú Sráidbhaile ó Aimsir an Ghorta:** I gcomhar leis an bpobal, glacfaidh Músaem an Chláir agus Cartlann an Chontae ceannasaíocht ar thionscnamh ina ndíreofar a gcuid acmhainní ar eispéireas barántúil oidhreachta a fhorbairt. Roghnófar sráidbhaile tréighthe ó aimsir an ghorta agus, thar achar cúig bliana, déanfar tochailt chun léargas a fháil ar an saol sa Chlár i lár an 19ú haois. Glacfar cur chuige taighdeach ildisciplíneach a mbeidh an pobal páirteach ann. Mar chuid den tionscnamh, déanfar caidreamh le pobal an Chláir agus le Diaspóra na hÉireann, ar sainrud oidhreachta do mhórchuid díobh é, rud a neartóidh féiniúlacht Éireannach an Diaspóra agus a fheabhsóidh mórtas i measc mhuintir an Chláir

**Priority 5**
Map the cultural and creative landscape in the county

The five priorities include a programme of detailed objectives for 2018 on the following pages:

### Priority 1: Create opportunities to access innovative culture based programmes and projects

The Culture Team will encourage innovative projects, support their implementation and work collaboratively to develop them. Projects which are new, which offer up a degree of intellectual property and which offer opportunities for communities in Clare to participate in a new way have been developed under this priority. The aim is to provide opportunity for cultural expression in as exciting a way as possible.

**Objectives:**

- **Recovery of a Famine Village:** Clare Museum and Clare County Archives will head up a project that will utilise their resources to engage with the community for the development of an authentic heritage experience. A famine village will be identified and over a period of five years, targeted excavations will be conducted to shed light on life in mid-19th century Clare. A multi-disciplinary approach to research and interpretation will involve community groups. The project will engage with the wider Clare population and the Irish Diaspora, for which the famine is a key event in the heritage of many, strengthening a sense of Irish identity to the Diaspora and enhancing a sense of pride among Clare people.

- **Turais & Cainteanna Ailtireachta i dTithe Oscailte:** Leagfaidh an Rannóg Caomhantais agus Ailtireachta béim ar thithe stairiúla sa chontae agus aird á tabhairt freisin ar ailtireacht nua-aoiseach agus ar ailtireacht chomhaimseartha. Is é is aidhm dó seo ná plé a chur chun cinn faoin oidhreacht fhoirgnithe, faoi fhiúntas na hoidhreachta sin agus faoin mbaint atá aici le glúnta atá imithe gan trácht ar a tionchar ar thuiscintí faoin dearthóireacht sa chontae.
- **Comhoibriú Idirghlúine maidir le Damhsa & Ceol:** Faoi stiúir Rannóg na nEalaíon, forbrófar complacht na n-óg sna healaíona i gceantar na Sionna agus gníomhóidh sé sin mar eiseamláir phíolótach don chontae uile. Tá tionscnamh san ealaín phoiblí á choimisiniú ag Comhairle Chontae an Chláir ar tionscnamh é a fheabhsóidh caidreamh an phobail le daoine óga agus le grúpaí pobail eile, trí mheán an damhsa chomhaimseartha, rus a chruthóidh tionscadal idirghlúine. Roghnófar damhsóir chun bheith ag oibriú go comhoibríoch le Clann Rusangano. Tá a mbranda sainiúil féin den cheol á bhunú agus á fhorbairt thar achar ama ag na daoine óga seo. D'ainneoin cúlraí cultúrtha éagsúla a bheith ag baill an ghrúpa, is iad an fhéiniúlacht agus an dúchas a bhíonn faoi chaibidil acu. Cuirfear an toradh deiridh i láthair an phobail, nó seans go ndéanfar scannánú air. Bheadh se i gceist go ndéanfaí aithris ar an gcur chuige seo ar fud an chontae.
- **Ailiniú na Scoileanna á stiúradh ag Glór (GASP):** Clár do Scoileanna faoi stiúir Glór chun cur le caidreamh scoileanna na hInse agus scoileanna an chontae uile, i dtaca le clár Glór do dhaoine óga. Tá Glór dírithe ar fheabhsú an chaidrimh atá aige le scoileanna

- **Open House Architecture Tours & Talks:** The Conservation and Architecture Section will highlight historical homes in the county with a focus also on modernism and contemporary architecture. The aim is to promote conversation with regard to our built heritage, its merit and associations to previous generations as well as its impact on the design consciousness of the county.
- **Intergenerational Dance & Music Collaboration:** Led by the Arts Section this project will build a youth arts collective in the Shannon area which will act as pilot model for the county. Clare County Council are commissioning a public art project, which will enhance community engagement with young people and other community groups through the medium of contemporary dance, creating an inter-generational project. A dance artist will be selected to work collaboratively with the Rusangano Family. These young musicians have been creating and steadily building their own unique brand of music. Despite their diverse cultural backgrounds, the group explore issues such as identity and belonging. The finished works will be performed publicly or possibly filmed. The intention is that the model would be replicated countywide.
- **Glór arts for schools programme led by glór in Ennis (GASP):** A Schools Programme led by glór to enhance engagement of schools in Ennis and across the County with glór's cultural programme for young people. glór is working to improve its engagement with schools and increase their attendance and participation at the theatre as audience members to ensure they have a range of experience of the performing and visual arts at various stages in their education. This





agus ar mhéadú a dhéanamh ar an bhfreastal a dhéanann siad ar an amharclann, agus ar a rannpháirtíocht san amharclann, i gcáil lucht féachana le go bhfaighidh siad raon eispéireas ar na healaíona taibhiúcháin agus ar na habharcealaíona ag céimeanna éagsúla dá n-oideachas. Déanfar an méid sin trí Ghrúpa Comhairleach Oideachasúil a bhunú, ina gcuimseofar múinteoirí agus príomhoidí bunscoile agus meánscoile, mar aon le comhairleoirí sainiúla oideachais de chuid an chontae. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an grúpa seo cuidiú maidir le heolas a chur ar fáil do Ghlór maidir lena gclár ealaíon agus, ag an am céanna, tabharfaidh sé cúnamh maidir le cur chun cinn chlár Ghlór i measc mach léinn a gcuid múinteoirí. Faoi bhrat thacaíocht Éire Ildánach, díreofar ar chlár scoileanna a fhorbairt agus a sholáthar do líon áirithe bunscoileanna agus meánscoileanna le go mbeidh caidreamh acu le clár Ghlór níos minice agus ar bhealach níos gníomhaí agus beidh ticéid fhóirdheontais nó ticéid saor in aisce ar fáil mar chabhair maidir le laghdú a dhéanamh ar na bacanna airgid i leith freastal a dhéanamh ar thaibhiúcháin agus ar thaispeántais Ghlór.
- **Tionscnamh Turasóireachta a chothaíonn ceangal idir Drámaíocht Phobail agus Oibreoirí Turasóireachta trí fhoghlaim, trí fhóraim agus trí thaibhiúcháin – eiseamláir do shainbhailte:** Déanfar cumhacht na drámaíochta pobalbhunaithe dúshlán agus spreagadh a thabhairt, mar aon le mórtas áite a léiriú, a fhorbairt ar mhodh ina meallfar luchtanna féachana ar mian leo a bheith rannpháirteach i réimse na hamharclannaíochta ar leibhéal pobail agus ar mian leo tuiscint a fháil air sin. Forbrófar an scéim phíolótach ar an Dún Beag mar chuid d'Fhéile Drámaíochta Iarthar an Chláir

will be achieved through the establishment of an Educational Advisory Group, made up of a representation of primary and secondary teachers and principals as well as key educational advisors from the county. This group in intended to both help inform the arts programme offer at glór whilst also aiding the promotion of the glór young people's programme to students and their teachers. With Creative Ireland support it is intended to develop and deliver a schools programme for a number of primary schools and secondary schools to engage more regularly and actively with the glór programme, with subsidised or free tickets to help reduce the financial obstacles to accessing glór performances and exhibitions.
- **A Tourism Project linking community drama to tourism operators through learning, forums and performance – a model for key towns:** The power of community based drama to challenge and excite as well as offer the sense of place experience will be developed so that it attracts audiences who wish to engage and understand theatre at community level. The pilot will develop in Doonbeg in 2018 and 2019, as part of the West Clare Drama Festival and, it is intended, will thereafter, be replicated as a model for key towns across the county.

le linn na mblianta 2018 agus 2019, agus tá sé beartaithe aithris a dhéanamh ar an eiseamhláir seo i mbailte eile sa chontae ina dhiaidh sin.

### Tosaíocht 2: Cumas agus clú cruthaitheach an chontae a fhorbairt

Beidh sé mar aidhm ag an Meitheal Cultúir cothú agus cumhachtú a dhéanamh ar shaoránaigh an chontae chun tógáil ar an rath atá bainte amach roimhe seo agus féachaint leis an gcaighdeán a ardú i leith iarrachtaí cruthaitheacha atá curtha i gcrích cheana féin agus atá ar na bacáin. Is tosaíocht í sa chás seo go ndéanfaí iniúchadh agus forbairt ar chumhacht agus na cruthaitheachta agus an léirithe cultúir. Is gnéithe dílse den téama seo iad sníomhadh na cruthaitheachta, agus aithint an roil lárnaigh atá aige maidir le cumhachtú pobal, mar aon le bealaí nua a fhorbairt i leith torthaí a bhaint amach agus cinéalacha úra den chomhoibriú a fhorbairt.

**Cuspóirí:**

- **Scéim na nDeontas, Éire Ildánach an Chláir:** Is scéim í seo a chuidíonn le pobail atá cruthaitheacha ó thaobh cúrsaí cultúrtha de a fhorbairt. Cuirfear céatadán de na cistí bliantúla ar leataobh do phobail, do ghrúpaí, do dhaoine aonair agus d'eagrais ar mian leo tionscnaimh nuálacha uathúla a fhorbairt a chuirfidh le cumas agus stádas cruthaitheach an chontae. Is deis oscailte í seo a bheidh dírithe ar aidhmeanna chlár Eíre Ildánach a chomhlíonadh.
- **Briceadaíl Breacadaíl (The Doodle House) – Tionscadal Dearthóireachta de chuid Scoileanna Ildánacha:** Is tionscnamh é seo a bheidh faoi stiúir na Rannóige um Chaomhnú agus Pleanáil agus a bheidh dírithe ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile maidir le struchtúr, cruth, foirm agus feidhm. Iarrtar ar na rannpháirtithe riachtanais an úsáideora a aimsiú agus ról na dearthóireachta a aithint sna struchtúir ina mairimid ó lá go lá. Úsáidfear bunábhair agus uirlisí digiteacha i ndéanamh agus i ndearadh na struchtúr. Forbróidh na rannpháirtithe tionscnaimh ghrúpa agus tionscnaimh aonair chomh maith le léargas a fháil ar stair na dearthóireachta agus ar an ailtireacht chomhaimseartha. Luíonn an tionscnamh seo le colún a haon de chlár Éire Ildánach i.e. 'scód a ligean n le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh'.
- **Tuiscint ar an Tírdhreach – Tionscadal do Phobail a bhaineann le hOidhreacht na Timpeallachta:** Is den riachtanas é úsáid ghlé na samhlaíochta le linn tuiscint a fháil ar cháilíochtaí dúchasacha na timpeallachta atá thart orainn ina gcuimsítear an oidhreacht fhoirgnithe agus an oidhreacht nádúrtha, acmhainní agus infrastruchtúr. Iarrfar ar scoileanna, ar phobail agus ar ghrúpaí iarscoile ar fud an chontae breathnú ar an timpeallacht mar chás-staidéar ar 'mhiocracosma' ina mbainfear úsáid phraiticiúil as teicníochtaí taighde allamuigh. Cuirfidh daoine cruthaitheacha tuiscintí agus míreanna físiúla ar fáil le go n-athshamhlófar an rud is dual don duine maidir le háit agus ceantar.
- **Compánaigh Chultúrtha – Tionscadal Cruthaitheach Idirghlúine chun an t-uaigneas tuaithe a laghdú agus chun cuidiú leis an bhfoghlaim dhigiteach:** Is tionscnamh de chuid Deiseanna do Aosaigh é seo atá ann cheana féin agus a bheidh á stiúradh ag Oifigeach Chairdeas na nAosach sa Chlár, faoi bhrat na Stiúrthóireachta um

### Priority 2: Develop the county's creative capacity and reputation

The Culture Team will aim to foster and empower citizens to build on established success and strive to "raise the bar" in creative endeavours undertaken and imagined. Exploring and developing the very real power of creativity and creative expression is a priority here. Integrating creativity and acknowledging the very vital role it plays in empowering communities, developing new ways of doing things and new forms of collaboration are integral aspects of this theme.

**Objectives:**

- **Creative Ireland Clare Grants Scheme** that assists in the development of culturally creative communities. A percentage of annual funds will be ring-fenced for communities, groups, individuals and organisations who wish to develop innovative and unique projects which build creative capacity and reputation for the county. This will be an open call opportunity, defined to embrace the principles of the Creative Ireland programme.
- **The Doodle House – A Creative Schools Design Project:** Led by the Conservation and Planning Section, this project targets the primary and second level student body to consider structure, shape, form and function. It asks participants to determine user needs and the extent to which design plays a role in the structures that we live in and use on a daily basis. Raw materials as well as digital tools will be used to help shape and determine constructions. Participants develop group and individual projects as well as receive insight into design history and contemporary architecture. This project aligns with pillar one of the Creative Ireland Programme to 'enable the creative potential of every child'
- **Reading The Landscape – A landscape environmental heritage project for communities:** Understanding the inherent qualities of the environment around us, the built and natural, the resources and infrastructures requires active use of imagination. Schools, communities and after school groups will be invited right across the county to look at the landscape as a 'microcosm' case study for the practical application of field techniques. Interpretation and visualisations will be interjected by creatives so that a sense of place or essence of an area gets to be re-imagined.
- **Cultural Companions – a creative Intergenerational Project to reduce rural isolation and assist digital learning:** This is an existing Age and Opportunity initiative which will be led by the Rural Development Directorate through the Age Friendly Officer in Clare. It is an integrated project, which will not only link networks of communities of people of all ages but offer opportunities for the exchange of skills through the intergenerational element. It is an enabling project connecting generations through a variety of creative forms and experiences in a structured, yet fluid environment.

Fhorbairt Tuaithe. Is tionscadal comhtháite é a dhéanfaidh idir ghréasáin de phobail den uile aois a nascadh agus deiseanna ar mhalartú scileanna a chruthú tríd an ngné idirghlúine den tionscadal. Is tionscadal cumasúcháin é a dhéanfaidh ceangal idir glúnta trí bhíthin cineálacha éagsúla cruthaitheachta agus eispéiris éagsúla cruthaitheachta i dtimpeallacht struchtúrtha a mbeidh gné solúbtha ag baint léi.

- **Ceardlanna i Scríobh Cuimhní Cinn le Grúpaí Scríbhneoirí Pobail sna cúig cheantar de chuid Leabharlann Chontae an Chláir:** Clár sa scríbhneoireacht chruthaitheach ina mbeidh an bhéim ar scríobh cuimhní cinn. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe conas a gcuimhní saoil a spreagadh trí úsáid a bhaint as teicnící foghlama deas-inchinne / clé-inchinne agus conas cuimhní cinn a ghéarú, a fhorbairt agus a struchtúrú. Forbróidh agus neartóidh na rannpháirtithe a gcumas scríbhneoireachta féin le linn an ama agus tabharfar aiseolas dóibh agus iad i mbun cuimhní cinn a fhorbairt. Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na rannpháirtithe saothar gearr faoina gcuimhní cinn a thabhairt chun críche in imeacht an chláir. Beidh ócáid léitheoireachta ann do gach grúpa mar chuid den chlár.
- **Ceardlanna Filíochta do Pháistí i gCraobhleabharlanna an Chláir:** Déanfaidh seo an deis a chur ar fáil do thaighde, do chumadh agus do chur i láthair na filíochta. Cuirfidh craobhleabharlanna an Chláir ceardlanna san fhilíocht ar fáil do ranganna ar an mbunleibhéal scolaíochta. Faoi dheireadh na sraithe teagaisc beidh cur amach ag na páistí ar sheánraí difriúla filíochta, beidh a ndánta féin scríofa acu, agus iad curtha i láthair do lucht féachana acu. Luíonn an tionscnamh seo le colún a haon de chlár Éire Ildánach i.e. 'scód a ligean n le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh'.
- **An Chruthaitheacht agus an Loighic trí mheán na Fichille – tionscadal idirghlúine as a n-eascróidh ranganna, clubanna agus compánachas:** Direofar an deis seo chun an fhicheall a fhoghlaim ar pháistí i gceantar na Scairbhe. Freastalóidh múinteoir fichille ar an leabharlann go seachtainiúil thar achar 10 seachtaine agus í mar aidhm leis an iarracht go mbunófar club fichille ann a leanfar de i ndiaidh don tionscadal a bheith thart. Tá sé cruthaithe gur gléas é an fhicheall a chuidíonn le scileanna léitheoireachta agus ríomhaireachta na bpáistí. Luíonn an tionscnamh seo le colún a haon de chlár Éire Ildánach i.e. 'scód a ligean n le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh'.
- **Lá na Léitheoirí mar cheiliúradh ar acmhainní agus litríocht i gcraobhleabharlanna an Chláir:** Cuimseoidh sé seo laethanta fáilte i gcraobhleabharlanna ina n-eagraítear ócáidí a bhaineann le réimse na leabhar. Cuirfidh na Laethanta Fáilte seo le cumas na Leabharlainne chun cláir áitiúla a chur ar fáil mar phríomhbhealaí le haghaidh páirteachas pobail, mar a shamhlaítear sin faoi Cholún 2 de straitéis Éire Ildánach i.e. 'scód a ligean n le cumas na cruthaitheachta i ngach leanbh'. D'fhéadfaí go gceanglófaí na laethanta ceiliúrtha seo le Cruinniú, ceiliúradh náisiúnta na dteaghlach i mí an Mheithimh, nó le Lá Náisiúnta na Filíochta.
- **Cruinniú – Lá Cultúrtha Cruthaitheach na Clainne:** Déanfar an ócáid náisiúnta seo a fhorbairt mar cheiliúradh bliantúil i bhféilire imeachtaí féile an Chláir. Cé go lonnófar croílár na féile thart ar Glór, in Inis, is é atá

- **Memoir Writing workshops with community writing groups within the five regions of Clare County Library:** A creative writing programme with a focus on memoir writing. Participants will learn how to trigger memories from life experiences using right-brain / left-brain learning techniques, and how to focus, develop and structure memoir. Throughout the programme participants will develop and strengthen their writing voice and receive feedback on their work as they develop a short memoir. It is expected that participants will fully develop a short memoir throughout the programme. The programme will also include a reading event for all writing groups.
- **Children's Poetry Workshops in Clare Libraries** will set the scene for exploring, creating and performing poetry. Clare Libraries will host poetry workshops with primary school class groups. By the end of the series of workshops children will have learned about different poetry genres, created their own poems and presented the poems to an audience. This project aligns with pillar one of the Creative Ireland Programme to 'enable the creative potential of every child.'
- **Creativity and Logic through Chess – an intergenerational project creating classes, clubs and companionship:** This opportunity is targeting children in the Scariff area to learn chess. A tutor will visit the library on a weekly basis over 10 weeks with the aim of creating a local chess club which can continue to run when this project finishes. Chess has been proven to improve reading skills and problem-solving skills in children. This project aligns with pillar one of the Creative Ireland Programme to 'enable the creative potential of every child.'
- **A Readers Day celebrating resources and literature across all Clare Libraries:** This consists of welcoming days in the library branches where book-related events are held. These Open Days will build upon the capacity of the Library to delivery local programmes as primary instruments of community engagement under Pillar 2 of Creative Ireland strategy 'enabling creativity in every community'. These celebratory days may be linked to the June national family celebration, Cruinniú or to national Poetry Day.
- **Cruinniú – the Culturally Creative Family Day:** This national event will be developed as an annual celebration in the Clare calendar of festival events. The festival hub will revolve around glór in Ennis but the intention is that communities celebrate culture and creativity through the creation of a programme of events which highlights the county's cultural assets by platforming activities and events that are family friendly and age appropriate on this day in June each year.

beartaithe ná go ndéanfaidh pobail éagsúla an chontae ceiliúradh ar a gcultúr agus a gcruthaitheacht trí chlár imeachtaí a chruthú a thugann aird ar shócmhainní cultúrtha an chontae trí ghníomhaíochtaí agus trí imeachtaí atá dírithe ar an teaghlach agus atá feiliúnach ar bhonn aoise a chur ar siúl gach bliain ar an lá sin i mí an Mheithimh.

- **Clár Smaointeoireachta Cruthaithí do réimse na Fiontraíochta:** Is plean é seo a bheidh faoi riar ag Oifig Fiontraíochta Áitiúil an Chláir trína ndíreofar ar chliaint ar gá dóibh seasamh siar ó riaradh laethúil an ghnó le go ndéanfar athbhreithniú cruthaitheach ar bhealaí chun an gnó sin a chur chun cinn d'ainneoin acmhainní srianta a bheith ann. Áireofar ról na cruthaitheachta i ndáil le spreagadh gníomhaíochta gnó sa chlár seo.

## Tosaíocht 3: An Earnáil Chruthaitheach, agus an tInfrastruchtúr a bhaineann léi, a Chothú

Tá éagsúlacht sa phobal cruthaitheach i gContae an Chláir agus oibríonn na cleachtóirí sna réimsí seo a leanas: gnó, turasóireacht, oidhreacht, músaeim, na healaíona, dearthóireacht, ceardaíocht, fógraíocht, ailtireacht, ceol, scannánaíocht agus na meáin dhigiteacha. Tá gá le haitheantas a thabhairt don tallann agus le tacú leis an bhforbairt phroifisiúnta ar gach leibhéal agus i measc daoine ag a bhfuil cumais éagsúla. Mar thúsphointe, díreoidh Éire Ildánach an Chláir ar thacú le cleachtóirí cruthaitheacha in earnálacha na n-ealaíon agus na fiontraíochta, agus ar chothú na gcleachtóirí sin. Is mar a leanas a bhainfear an méid sin amach:

- **Creative Thinking Programme for Enterprise.** Co-ordinated by the Local Enterprise Office Clare. A plan to target clients who need time out of the day to day running of a small business, to focus and rethink using creative techniques, developing new ways to grow their business despite limited resources. The role of creativity in stimulating economic activity will be included.

## Priority 3: Nurture the creative sector and its infrastructures

The creative sector is diverse in County Clare with practitioners operating across business, tourism, heritage, museum, the arts, design, craft, advertising, architecture, music, film and digital media. There is a requirement to acknowledge talent and to support professional development at all levels and across all capacities. Creative Ireland Clare will look to support and nurture creative practitioners in the arts and in enterprise in the first instance. We will do this in the following ways:





**Cuspóirí:**

- **Lárionad do Chruthaitheoirí i bhfoirm fóraim / gréasáin ar leith mar chuidiú do chleachtóirí cruthaitheacha:** Le linn na ngrúpaí fócais, labhair na healaíontóirí ar an ngá le teacht le chéile chun spás agus pleananna agus smaointe agus tionscadail a chomhroinnt ar bhonn níos minice. Is smaoineamh simplí é seo trína dtabharfadh ealaíontóirí proifisiúnta ceardlanna dá gcomhchruthaitheoirí chun iad a spreagadh agus chun eolas a chur ar fáil i leith a gcuid saothar. Beidh sé mar aidhm ag na ceardlanna idir eolas agus oideachas agus úroiliúint a thabhairt, agus pobal a chur ar fáil ina mbeidh ealaíontóirí proifisiúnta agus ealaíontóirí amaitéaracha aithne a chur ar a chéile, fóglaim óna chéile agus smaointe a mhalartú. Táthar ag súil go bhfreastalóidh téamaí agus ábhar na gceardlann ar ábhar spéise agus agus riachtanais na n-ealaíontóirí, is é Glór a chomhordóidh na ceardlanna agus a ghníomhóidh mar óstach ina leith.
- **Déanfaidh oifig Éire Ildánach an Chláir comhoibriú i gcomhar leis na pobail agus na páirtithe chun an clár a riaradh agus a chur chun cinn sa chontae:** Is ar bhaill gach aon Mheithle Cultúir a bheidh an dualgas maidir le tiomsú an ábhair le haghaidh imeachtaí agus ócáidí poiblíochta, ach is í an oifig lárnach a thacóidh le clár uathúil chontae an Chláir agus a chuirfidh an clár sin in iúl ar gach ardán margaíochta as líne agus ar líne. Dáilfear sciar beag den chiste ar riarachán, ar cháipéisíocht agus ar mheasúnú. Déanfar ailíniú le feachtais mhargaíochta náisiúnta.

**Objectives:**

- **A Creators' Hub as a dedicated forum / network to assist creative practitioners:** At the focus groups, artists spoke about the need to come together, to share a space more often, and share their plans, ideas and projects. This is a simple idea to present workshops by professional artists for fellow creators to inspire and inform their work. Workshops will aim to inform, educate, and upskill and provide a community for independent professional artists as well as amateur artists to bond, cross-pollinate, and exchange. It is hoped the themes and content of the workshops will be informed by the needs and interests of artists, which will be co-ordinated and hosted by glór.
- **The Creative Ireland Clare office will work collaboratively embracing communities and partners to administer and promote the programme in the county.** The compilation of content for events and promotions will remain the responsibility of each Culture Team member but the central co-ordinating office will support and communicate the unique nature of Clare's programme in all offline and online marketing platforms. A small portion of fund will be used for administration, documentation and evaluation. Alignment with national marketing campaigns will be undertaken.

- **Aistriúchán ar Éire Ildánach – Straitéis Chultúir & Chruthaitheachta an Chláir:** Cuirfear cóipeanna d'aistriúchán Gaeilge an doiciméid ar fáil agus aithníonn an Straitéis ról sainiúil na teanga i bhféiniúlacht na tíre. Cuirfear céatadán beag de chiste an chláir ar leataobh gach bliain chun a chinntiú go mbeidh dóthain cóipeanna den Straitéis agus den phlean gníomhaíochta bliantúil ar fáil don phobal.
- **Bunú Sparánachtaí nó Cónaitheachtaí:** Ón mbliain 2019 ar aghaidh, beidh deis ag ealaíontóirí agus ag cleachtóirí cruthaitheacha iarratas ar thacaíocht i leith fhorbairt a gcuid oibre a chur faoi bhráid an chláir. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh iarratais den sórt sin le corpas nua oibre a chruthú nó le cur chun cinn aireagáin nua nó le maoin intleachtúil nua. Beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha. Leagfar béim ar chóras tacaíochta a fhorbairt don earnáil chruthaitheach agus chultúrtha.

### Tosaíocht 4: Comhoibriú chun go bhforbrófar léiriú cultúrtha agus leasa

Tá Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae an Chláir bunaithe anois mar mheitheal tras–Stiúrthóireachta agus feidhmíonn sí de réir sraith luachanna agus tosaíochtaí. Tá an comhoibriú lárnach agus riachtanach do bhaint amach na físe atá ag Éire Ildánach an Chláir. Tá cuireadh á thabhairt dár bpobail go léir chun comhoibriú agus chun comhroinnt a dhéanamh ionas gur féidir linn uile a bheith páirteach i múnlú chlár Éire Ildánach an Chláir. Is trí mheán an chur chuige seo a dhéanfar dul chun cinn agus a bhainfear toradh fadtéarmach amach.

- **Translations of the Creative Ireland Clare Culture & Creativity Strategy** will be provided in Irish and the Strategy recognises the unique role that the language plays in the identity of the country. A small percentage of funding will be set aside annually to ensure adequate copies of the Strategy and yearly activation plan will be available to the public.
- **The establishment of Bursaries or Residencies** from 2019 onwards will allow artists and creative practitioners to make application to the programme for their own work development. This might be in the creation of a new body of work, or for the advancement of a new invention or new intellectual property. Terms and conditions will apply. The focus is on developing a support system for the creative and cultural sector.

### Priority 4: Work collaboratively to develop cultural expression and wellbeing

The Clare County Council Culture Team is now established as a cross-Directorate team working to a set of values and priorities. Collaboration is central and necessary to realising the Creative Ireland Clare vision. We extend an invitation to co-operate, to share and to collaborate to all our communities so that collectively we can shape the Creative Ireland programme in Clare. It is through this means of working that progress and long term impact can be gained.





**Cuspóirí:**

- BUMBLEance – Tionscadal Litríochta agus Sláinte do dhaltaí bunscoile sa le linn Fhéile Chlubanna Leabhar na bPaistí: Is iarracht chomhpháirtíochta í seo idir Seirbhís Náisiúnta na nOtharcharr do Leanaí, Leabharlann Chontae an Chláir agus Bunscoileanna, ina bhfeicfear údair litríochta do pháistí in éindí le leabharlannaithe, agus iad ar bord an BUMBLEance. Léifidh na húdair sleachta as a saothair agus casfaidh siad ar dhaltaí as scoileanna ar fud Chontae an Chláir. Díreoidh an tionscadal seo aird na bpáistí ar chúrsaí tinnis i dtimpeallacht a bheidh idirghníomhach, eolasach agus spraíúil, agus léireoidh sé an dóigh ar féidir leis na daltaí cuidiú agus tacú le páistí atá tinn ar fud na tíre. Is tionscnamh úr sainiúil é seo, faoi bhrat Leabharlann Chontae an Chláir, agus forbrófar nasc idir an léitheoireacht agus cúram a thabhairt do pháistí atá faoi mhíbhuntáiste, rud a bhainfear amach trí léamh agus cur i láthair a dhéanfaidh údair litríochta do pháistí a bhfuil a n-ainmneacha i mbéal an phobail agus a bhfuil fáil ar a gcuid leabhar i leabharlanna an Chláir.
- **Teicníochtaí Cruthaitheacha le Páirteachas Pobail a Chothú**: De thoradh ar chomhráite na ngrúpaí fócais, d'eascair tuiscint ar an ngéarghá atá le cumas cruthaitheach a bheith ag na ceannairí foirne a bheidh ag plé leis na pobail éagsúla agus léiríodh go bhféadfaí próisis chruthaitheacha a úsáid chun cabhrú le pobail réitigh a fhorbairt ar shaincheisteanna pobail-bhunaithe agus contae-bhunaithe. Forbrófar plean do bhaill foirne ina leith seo, a bheidh faoi bhrat na Stiúrthóireachta Tuaithe agus a chuirfidh ar chumas na foirne é a úsáid chun an pobal a spreagadh chun ghnímh. Cinnteoidh

**Objectives:**

- **BUMBLEance – A Literature and Health project for primary school children during Children Book Club Festival.** A partnership between BUMBLEance, The Children's National Ambulance Service, Clare County Library and Primary Schools will see children's authors and librarians on board BUMBLEance. Authors will to read from their work and meet with children across primary schools in County Clare. The initiative will educate young children about illness in an interactive, informative and fun environment and the programme will showcase how children can help and support sick children nationwide. Linking reading with caring for less fortunate children through readings and presentations from popular Irish children's writers, whose books are available in Clare's libraries, will be a new and unique initiative undertaken by Clare County Library.
- **Creative Techniques for Community Engagement.** Focus group conversations detailed the very real need for creative capacity among the team of leaders that engage with communities and that creative processes might be used to assist communities develop solutions to community based and county based issues. A Rural Directorate staff familiarisation model for use in community mobilisation will be developed. The action will up-skill all Rural Directorate staff as well as the four incoming Rural Development Officers in Clare, so that creative techniques are taught by professional artists, and shared at community level.

seo go gcuirfear úroiliúint ar fhoireann na Stiúrthóireachta Tuaithe agus, chomh maith leis sin, ar an gceathrar Oifigeach Tuaithe úra sa Chlár, ionas go mbeidh teicníochtaí cruthaitheacha á dteagasc ag ealaíontóirí proifisiúnta, agus go ndáilfí sin ar leibhéal an phobail.

### Tosaíocht 5: Clárú a dhéanamh ar an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach sa chontae

Le go dtuigfear cé na hacmhainní atá ann sa chontae, tá gá le teacht ar bhealach chun na hacmhainní sin a aimsiú agus a chlárú agus chun feiliúnacht agus ráta úsáide na n-acmhainní sin a chinneadh. Cuirfidh an t-eolas seo ar ár gcumas dúinn pleanáil i leith acmhainní caipitiúla agus cuinsí oibríochtúla. Is tosaíocht é go mbeadh a fhios againn cén acmhainn dhaonna, cén luach agus cén méid atá i gceist leis an tallann atá ar fáil sa chontae. Cuideoidh seo maidir le próifíliú na hearnála cruthaithí agus maidir le forbairt na riachtanas a bheidh de dhíth ar an earnáil sa todhchaí.

**Cuspóirí:**

- Iniúchadh ar acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha sa Chlár. Agus cúig cholún Éire Ildánach á gcur san áireamh againn, déanfar iniúchadh ar acmhainní uirbeacha agus tuaithe an chontae ionas go mbeidh bunús eolais le clár bliantúil Éire Ildánach an Chláir. Is bunsprioc de chuid chlár Éire Ildánach an Chláir í, agus an earnáil á meas againn, go mbeadh teacht againn ar ealaíontóirí, ar chruthaitheoirí, ar ionaid agus ar acmhainní pobail. Déanfar athlíniú idir an t-iniúchadh seo agus cur i bhfeidhm náisiúnta na tosaíochta seo, ionas go gcinnteofar go mbeidh teacht go réidh ar acmhainní, ar fhoirgnimh agus ar infrastruchtúr pobail an chontae.



### Priority 5: Map the cultural and creative landscape in the county

In order for the county to see and understand the current resources that it has, it is necessary to find a way to locate, map and determine the suitability and usage rate of such resources. Knowing this will allow us to plan for capital resources and operational circumstances. Knowing the human capital, value and degree of talent that is in practice in the county is a priority. This will assist in profiling the creative sector and is developing its needs and assisting its future direction.

**Objectives:**

- **An Audit of local cultural and creative resources in Clare.** Bearing in mind all five pillars of Creative Ireland, an audit of urban and rural resources will be carried out so that it informs the annual activation plan of Creative Ireland Clare. Understanding and assessing our creative sector, knowing where to look to engage with artists, creators, spaces and community resources is a key ambition within the Creative Ireland Clare programme. Work on the audit will align with the national roll out of this priority so that the county's resources, buildings and community infrastructures are readily accessible.





Cill Chaoi
*Kilkee*

# 7 Cur i bhFeidhm, Measúnú agus Tomhas
## Implementation, Evaluation and Measurement

Forbrófar plean gníomhaíochta gach bliain le linn ré chlár Éire Ildánach an Chláir. Déanfar measúnú ar an bplean de réir méadracht náisiúnta.

- Caithfidh baint a bheith ag imeachtaí agus ag aschuir eile lena bhfuil beartaithe go straitéiseach agus go fadtéarmach. I gcás na dtionscadal a luaitear sa cháipéis seo, tá réimsí ar leith a ndíreoidh Éire Ildánach an Chláir orthu sa bhliain 2018 sainaitheanta ina leith, agus ceapadh iad i ngeall ar an bhféidearthacht go mbeadh toradh fadtéarmach, gníomhaíocht phobail, cineálacha úra comhoibrithe agus méid ar leith gníomhaíochta idirdhisciplíní ag baint leo.
- Tá mionsonraí Phlean Gníomhaíochta 2018 ar fáil in Aguisín 1.

**Ailíniú na Straitéisí Inmheánacha Cultúr-bhunaithe**

Deimhníonn próiseas ailínithe na straitéisí nach ann do neamhréir ar bith idir tosaíochtaí straitéiseacha Éire Ildánach an Chláir agus na tosaíochtaí atá sainaitheanta cheana féin i straitéisí cultúrtha éagsúla atá curtha i bhfeidhm cheana féin ag an Meitheal Cultúir agus a bhfuil an Mheitheal Cultúir ag obair orthu cheana féin. Chomh maith leis na tosaíochtaí straitéiseacha a d'eascair as obair láithreach na Meithle Cultúir cheana féin, fanfaidh an mheitheal sin le chéile ar feadh ré na straitéise agus tiocfaidh na baill le chéile uair sa ráithe. Is tríd an gCoiste um Polasaí Straitéiseach a dhéanfar tuairisciú faoin monatóireacht a dhéanfar ar an straitéis. Déantar mionsonraí faoi theidil na Straitéisí Cultúr-bhunaithe reatha a thabhairt in Aguisín 3.

An activation plan will be developed each year throughout the Creative Ireland Clare programme. It will be evaluated based on a national metric.

- Events and other outputs must always relate to the long-term strategic intent. Projects outlined in this document identify specific areas of focus for Creative Ireland Clare in 2018 and these have been devised due to their potential for long-term impact, community engagement, new forms of collaboration and the degree of inter-disciplinary potential.
- The 2018 Activation Plan is detailed in Appendix 1.

**The Alignment of Internal Culture Based Strategies**

The process of aligning strategies has insured that there is no inconsistency between Creative Ireland Clare strategic priorities and the priorities already identified in the various cultural strategies already in place and being acted upon by the Culture Team. As well as identifying strategic priorities arising from existing work, the Culture Team in Clare will stay in place for the duration of the strategy and will meet four times a year, once per quarter. The reporting mechanism through which the strategy will be monitored is the Strategic Policy Committee. The titles of current Culture Based Strategies are detailed in Appendix 3.



# Aguisín 1: Plean Gníomhaíochta Éire Ildánach an Chláir 2018
## Appendix 1: Creative Ireland Clare 2018 Activation Plan

Is í an Mheitheal Cultúir a ghlacfaidh ceannas ar gach tionscadal i 2018. Seo a leanas an mhodheolaíocht a úsáideadh chun tionscadail a scóipeáil agus a shainiú:

- Seisiúin inmheánacha tobsmaointeoireachta
- Dul i gComhairle trí chruinnithe na ngrúpaí fócais
- Seisiúin aonair scóipeála tionscadal
- Cruinnithe measúnaithe an Ghrúpa Oibre faoi stiúir Chomhordaitheoir Éire Ildánach agus an Stiúrthóra Seirbhíse um Fhorbairt Shóisialta

Measúnú: Rinneadh tomhas ar gach aon tionscadal maidir lena gcumas chun an méid seo a leanas a bhaint: tionchar fadtéarmach; páirteachas an phobail; cineálacha nua comhoibrithe; obair idirdhisciplíneach; rochtain; fairsinge sa Cheantar Bardasach; baint le colúin eile de chuid Straitéis Éire Ildánach; meastachán ar líon na saoránach a bheadh páirteach. Sainíodh tionscadail ar bhonn a gcumais chun fís Éire Ildánach a chur i gcrích i.e. 'go mbeidh deis ag an uile dhuine beo in Éirinn a c(h)umas cruthaitheach a chomhlíonadh'. Rinneadh rátáil ar na tionscadail ar bhonn a gcumais chun fís Éire Ildánach an Chláir a chur i gcrích, i.e. 'a chinntiú go dtabharfar deis do mhuintir an Chláir léiriú cultúrtha a aimsiú agus a chleachtadh trí mheán na gníomhaíochta cruthaithí'.

All projects in 2018 will led by the Culture Team. The following methodology was used to scope out and define projects:

- Internal brain storming sessions
- Consultation through focus group meetings
- One to one project scoping sessions
- Working Group evaluation meetings led by the Creative Ireland Co-ordinator and the Director of Service for Social Development

Measurement Evaluation: All projects were measured against their ability to deliver on long term impact; community engagement; new forms of collaboration; inter-disciplinary work; accessibility, Municipal District spread, relevance to other pillars within the Creative Ireland Strategy; Anticipated Numbers in terms of citizen engagement

Projects were defined as a result of their ability to deliver on the Creative Ireland Vision 'That every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential'. Projects were also rated against their ability to deliver on the Creative Ireland vision for County Clare, defined to 'ensure the people of Clare discover and have access to cultural expression through creative activity'.

## **Téama 1 — Deiseanna a chruthú mar bhealach chun teacht ar chláir agus ar thionscadail chultúrtha nuálacha**
## Theme 1 — Create Opportunities to access innovative culture based programmes and projects

| **Teideal an Tionscnaimh**<br>***Project Title*** | **Rannóg**<br>***Section Lead*** | **Páirtithe le Co. Chontae an Chláir**<br>***Partners with Clare County Council*** | **Sceideal Ama**<br>***Timeframe*** | **Maoiniú 2018**<br>***Total Allocation 2018*** | **Maoiniú 5 Bliain**<br>***Total Allocation for 5 years*** |
|---|---|---|---|---|---|
| Athbhunú Sráidbhaile ó Aimsir an Ghorta<br>*Recovery of a Famine Village* | Músaem/Cartlann<br>*Museum/Archives* | Cartlann/Clare Roots/Cumainn Staire/ Ollscoil Luimnigh<br>*Archives/ Clare Roots/ Historical Societies/ University of Limerick* | 2018–2021 | €4,350 | €21,750 |
| Turais & Cainteanna Ailtireachta ar i dTithe Oscailte<br>*Open House Architecture Tours & Talks* | Caomhnú<br>*Conservation* | Tithe Stairiúla<br>*Historic Houses* | 2018–2021 | €500 | €2,500 |
| Comhoibriú Idirghlúine Maidir le Damhsa 2018 & Cheol<br>*Intergenerational Dance & Music collaboration to build youth arts collective as pilot model for the County* | Rannóg na nEalaíon<br>*Arts* | Ceoltóirí Óga & Damhsóirí / Aosaigh & Daoine Óga<br>*Intergenerational Dance & Music Collaboration* | 2018 | €14,000 | Scéim Phíolótach i 2018<br>*Pilot in 2018* |
| Ailiniú na Scoileanna (GASP) Clár do scoil-eanna ar a mbeidh cúram bhunú grúpa oibre in oideachas sna healaíona<br>*Glór arts for schools programme; A Schools Programme including establishing an arts education working group for the County* | Glór, Inis<br>*Glór, Ennis* | Bunscoileanna & Meánscoileanna; Grúpa Comhair-leach Oideachasúil<br>*Primary & Secondary Schools; Educational Advisory Group* | 2018 | €3,000 | €15,000 |
| Tionscadal Turasóireachta a chothaíonn ceangal idir Drámaíocht Phobail agus Oibreoirí Turasóireachta etc.<br>*Tourism Project linking community drama to tourism operators through learning, forums and performance- model for key towns* | Turas-óireacht<br>*Tourism* | Féile Idirnáisiúnta na Drámaíochta Amaitéirí ar an Dún Beag<br>*Doonbeg International Amateur Dramatic Festival - enabling fund* | 2018–2019 | €10,000 | Scéim Phíolótach 2 Bhliain<br>*Pilot over two years* |

## Téama 2 — Cumas agus clú na cruthaitheachta sa chontae a fhorbairt
Theme 2 — Develop the county's creative capacity and reputation

| Teideal an Tionscnaimh<br>*Project Title* | Rannóg<br>*Section Lead* | Páirtithe le Co. Chontae an Chláir<br>*Partners with Clare County Council* | Sceideal Ama<br>*Timeframe* | Maoiniú 2018<br>*Total Allocation 2018* | Maoiniú 5 Bliain<br>*Total Allocation for 5 years* |
|---|---|---|---|---|---|
| Scéim na nDeontas – Éire Ildánach an Chláir<br>*Creative Ireland Clare Culturally Creative Communities Grants Scheme* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Cuireadh don Pobal Tionscnaimh Chruthaitheacha Chultúrtha a chur faoinár mbráid<br>*Invitation to communities for measured culturally creative projects* | 2018 | €20,000 | €100,000 |
| Briceadaíl Breacadaíl (The Doodle House) Tionscadal Dearthóireachta de chuid Scoileanna Ildánacha<br>*The Doodle House – A Creative Schools Design Project* | Caomhnú<br>*Conservation* | Ailtireacht/Pleanáil<br>*Architecture /Planning* | 2018 | €2,500 | Scéim Phíolótach i 2018<br>*Pilot in 2018* |
| Tuiscint do Phobail a bhaineann leis an Tírdhreach ar Oidhreacht na Timpeallachta don Phobal<br>*Reading The Landscape – A creative landscape environmental heritage project for communities* | Oidhreacht<br>*Heritage* | i gcomhar le BOTLC agus Músaem<br>*In collaboration with LCETB and Museum* | 2018 | €10,000 | Scéim Phíolótach i 2018<br>*Pilot in 2018* |
| Compánaigh Chultúrtha – Tionscadal Cruthaitheach idirghlúine chun an t-uaigneas tuaithe a laghdú agus chun cuidiú leis an bhfoghlaim dhigiteach<br>*Cultural Companions – a creative Intergenerational Project to reduce rural isolation and assist digital learning* | Forbairt Tuaithe<br>*Rural Development* | Aois & Deiseanna<br>*Age & Opportunity* | 2018–2021 | €4,000 | €20,000 |
| Ceardlann i Scríobh Cuimhní Cinn le Grúpaí Scríbhneoirí an Phobail sna Cúig Cheantar de Leabharlann Chontae an Chláir<br>*Memoir Writing workshops with community writing groups within the 5 regions of Clare County Library* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Gach Aois idir Aosaigh Ghníomhacha agus araile<br>*All Ages, including active retired and other groupings* | 2018 | €4,000 | €20,000 |
| Ceardlanna Filíochta do Pháistí i gCraobh-leabharlanna an Chláir<br>*Children's Poetry Workshops in Clare Libraries setting the scene for exploring, creating and performing poetry* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Scoileanna, an pobal cruthaitheach (filí, ach go háirithe) & leabharlanna<br>*Schools, literary community especially poets & libraries* | 2018 | €2,400 | €12,000 |
| An Chruthaitheacht agus an Loighic trí mheán na Fichille – tionscadal idirghlúine as a n-eascróidh ranganna, clubanna agus compánachas<br>*Creativity and Logic Through Chess – an intergenerational project creating through classes and clubs* | An leabharlann, An Scairbh<br>*Scariff Library* | Grúpaí iarscoile / pobail / aosaigh<br>*After school groups/communities/active retired* | 2018 | €1,500 | €7,500 |
| Lá na Léitheoirí mar cheiliúradh ar acmhainní agus litríocht i gcraobhleabharlanna an Chláir<br>*A Readers Day – linked to Cruinniú or Poetry Day – celebrating resources and literature across all Clare Libraries* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Pobal ginearálta na leabharlainne & Glór<br>*Wider Library Community and Glór* | 2018 | €1,500 | €7,500 |
| Cruinniú – Lá Cultúrtha Cruthaitheach na dTeaghlach, Ceiliúradh an Mheithimh<br>*Cruinniú – The Culturally Creative Family, June celebration in Ennis* | Glór, Inis<br>*Glór, Ennis* | Glór / Leabharlanna an Chláir / Oifig na nEalaíon / Teaghlaigh ón bPoba<br>*Glór / Clare Libraries / Arts Office / Family Communities* | 2018 | €3,000 | €15,000 |
| Clár sa Smaointeoireacht Chruthaitheach i dtaca leis an bhFiontraíocht<br>*Creative Thinking Programme for Enterprise* | Oifig Fhiontraíoch Áitiúil an Chláir<br>*Local Enterprise Office, Clare* | Bunachar Chliaint na bhFiontar Beaga/ Fiontar Éireann<br>*Small enterprise client base; Enterprise Ireland* | 2018 | Féin mhaoiniú<br>*Own Budget* | Féin mhaoiniú<br>*Own Budget* |

## Téama 3 — An earnáil chruthaitheach, agus an t-infrastruchtúr a bhaineann leis, a chothú

Theme 3 — Nurture the creative sector and its infrastructures

| Teideal an Tionscnaimh<br>*Project Title* | Rannóg<br>*Section Lead* | Páirtithe le Co. Chontae an Chláir<br>*Partners with Clare County Council* | Sceideal Ama<br>*Timeframe* | Maoiniú 2018<br>*Total Allocation 2018* | Maoiniú 5 Bliain<br>*Total Allocation for 5 years* |
|---|---|---|---|---|---|
| Lárionad do Chruthaitheoirí i bhfoirm fóraim / gréasáin mar chuidiú do chleachtóirí cruthaitheacha<br>*A Creators' Hub to develop a dedicated forum/network to assist creative practitioners* | Glór, Inis<br>*Glór, Ennis* | Pobal na nEalaíon / gníomhaithe sna healaíona stáitse<br>*Artistic Community performing arts practitioners* | 2018 | €2,500 | €12,500 |
| Oifig Éire Ildánach an Chláir: Riarachán / Cnuasú Ábhair / Comhordúchán & Margaíocht<br>*Creative Ireland Clare Office: Administration/Content Compilation/Co-ordination & Marketing* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Imeachtaí poiblíochta, comhordú, measúnú & ceannach ábhar.<br>*Publicity events, co-ordination, evaluation and the purchase of merchandise.* | 2018 | €5,000 | €25,000 |
| Aistriúchán Gaeilge den Doiciméad Éire Ildánach – Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta An Chláir<br>*Translations of Creative Ireland Clare Culture & Creativity Strategy document into Irish* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Costas aon uaire breise<br>*Additional one off admin cost* | 2018 | €1,000 measta<br>*€1,000 estimated* | |

## Téama 4 — Comhoibriú chun go bhforbrófar léiriú cultúrtha agus leas

Theme 4 — Work collaboratively to develop cultural expression and wellbeing

| Teideal an Tionscnaimh<br>*Project Title* | Rannóg<br>*Section Lead* | Páirtithe le Co. Chontae an Chláir<br>*Partners with Clare County Council* | Sceideal Ama<br>*Timeframe* | Maoiniú 2018<br>*Total Allocation 2018* | Maoiniú 5 Bliain<br>*Total Allocation for 5 years* |
|---|---|---|---|---|---|
| BUMBLEance – Tionscadal litríóchta agus Sláinte do dhaltaí bunscoile le linn Fhéile Leabhar na bPáistí<br>*BUMBLEance – A Literature and Health project for primary school children during Children Book Club Festival* | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Seirbhís Náisiúnta na nOtharcharr do Leanaí; Bunscoileanna<br>*The Children's National Ambulance Service; Primary Schools* | 2018 | €3,195 | |
| Teicníochtaí Cruthaitheacha le Páirteachas Pobail a Chothú – modh le taithí a thabhairt don fhoireann inmheánach i dtaca le gríosadh pobail<br>*Creative Techniques for Community Engagement- internal staff familiarisation model for use in community mobilisation methods* | Forbairt Tuaithe<br>*Rural Development* | Gréasán Páirteachais Phobail; Grúpaí Pobail; Baill Foirne uile sa Rannóg Forbartha Tuaithe agus baill foirne uile na Comhairle Contae (thar achar ama)<br>*Public Participation Network; Community Groups; all Rural Development Staff and for wider County Council staff over time* | 2018 | €1,000 | €4,000 |

### Téama 5 — Clárú a dhéanamh ar an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach sa chontae
Theme 5 — Map the cultural and creative landscape in the county

| Teideal an Tionscnaimh<br>*Project Title* | Rannóg<br>*Section Lead* | Páirtithe le Co. Chontae an Chláir<br>*Partners with Clare County Council* | Sceideal Ama<br>*Timeframe* | Maoiniú 2018<br>*Total Allocation 2018* | Maoiniú 5 Bliain<br>*Total Allocation for 5 years* |
|---|---|---|---|---|---|
| Iniúchadh ar acmhainní cultúrtha | Leabharlann an Chontae<br>*County Library* | Costas aon uaire maidir le: straitéis | 2018/2019 | € 2,555 (measta) | |

**Costas iomlán na Straitéise i 2018** **€96,000**

## Aguisín 2 — Teagmhálacha Tábhachtacha: An Mheitheal Cultúir
Appendix 2 — Key Contacts: The Culture Team

**Anne Haugh**
Stiúrthóir Seirbhíse, An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta
Director of Service, Social Development Directorate

**Helen Walsh**
Leabharlannaí an Chontae, Leabharlann Chontae an Chláir
County Librarian, Clare County Library

**Siobhán Mulcahy**
Oifigeach na nEalaíon
Arts Officer

**John Rattigan**
Coimeádaí Mhusaem an Chláir
Clare Museum Curator

**Sinead Dixon-Slattery**
Oifig Fhiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

**Nicola Killeen**
Forbairt Tuaithe
Rural Development

**Congella McGuire**
Oifigeach Oidhreachta
Heritage Officer

**Orla Flanagan**
Stiúrthóir, Glór
Director of Glór

**Dick Cronin**
Oifigeach um Chaomhnú
Conservation Officer

**Rene Franklin**
Cartlannaí
Archivist

## Aguisín 3 — Straitéisí atá ailínithe le clár Éire Ildánach:
Appendix 3 — Strategies aligned to Creative Ireland programme:

Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017–2023
Clare County Development Plan 2017–2023

Plean Chomhairle Chontae an Chláir i leith Fhorbairt Leabharlann an Chontae 2016–2021: Mapáil don Todhchaí 2
Clare County Council Library Development Plan 2016–2021: Charting the Future 2

Deiseanna do Chách: Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013–2017
Opportunities for All: a Strategy for Public Libraries 2013–2017

Plean Forbartha na nEalaíon i gContae an Chláir 2010–2014
Clare Arts Development Plan 2010–2014

Plean Forbartha um Fhiontair Áitiúil 2016
Local Enterprise Development Plan 2016

Plean Oidhreachta Chontae an Chláir 2017–2023
Clare County Heritage Plan 2017–2023

Plean Gníomhaíochta an Chláir um Bithéagsúlacht 2017–2023
Clare Biodiversity Action Plan 2017–2023

Plean Gníomhaíochta Straitéisí Mhúsaem an Chláir 2017
Clare Museum's Strategic Action Plan 2017

Polasaí Oideachasúil Mhúsaem an Chláir 2017–2019
Clare Museum's Educational Policy 2017–2019

Plean Mhúsaem an Chláir um Chur i bhFeidhm an Oideachais 2017
Clare Museum Education Implementation Plan 2017

Réaladh Acmhainní Tuaithe an Chláir: Ár mBeatha, Ár dTinteáin – Straitéis um Fhorbairt Tuaithe sa Chlár 2026
Realising Clare's Rural Potential: Our Life, Our Home – Clare Rural Development Strategy 2026

Bliain na hEorpa don Oidhreacht Chultúrtha 2018: Cum Nasc
The European Year of Cultural Heritage 2018: Make a Connection

# Aguisín 4 — Aiseolas Comhairleach
## Appendix 4 — Consultation Feedback

Tháinig aiseolas an-soiléir ón bpobal de thoradh ar dhul i gcomhairle leo, mar atá:

- Is i bhfoirm deontais faoi riar Éire Ildánach is cóir cuidiú leis an bpobal chun tionscadail a fhorbairt.
- Gur chóir tosaíocht agus suntas a thabhairt do chleachtóirí cruthaitheacha agus do ról na cruthaitheachta sa phobal ionas go bhfostófar ealaíontóirí le linn tréimhse na Straitéise agus go ndéanfar saothair na gcleachtóirí cruthaitheacha a mheas mar aon le luach airgid a chur orthu.
- Go dtabharfar tosaíocht síos tríd i gclár Éire Ildánach do léiriú cruthaitheach an chultúir, agus, go háirithe, i réimsí na n-ealaíon, na turasóireachta, na leabharlann, na fiontraíochta, an chaomhantais agus na hoidhreachta.
- Go n-oibreodh Comhairle Chontae an Chláir ar bhealach chomh comhoibríoch agus chomh comhpháirteach agus is féidir chun tacú le pobail ionas go neartófaí saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar an infrastruchtúr agus le léiriú cultúrtha araon.

Consultation with community provided very clear feedback that:

- Access to funds to develop projects under the Creative Ireland theme should be afforded to communities in the form of grant aid.
- That creative practitioners and the role of creativity in the community should be prioritised and highlighted so that artists are employed throughout the Strategy and that the work of creative practitioners is valued and monetised.
- That culture expressed creatively and in particular across the areas of arts, tourism, libraries, enterprise, conservation and heritage should be prioritised throughout the Creative Ireland programme.
- That Clare County Council should work as collaboratively and collectively as possible in the support of communities so that issues of access to
- cultural infrastructure or cultural expression is strengthened.

creative.ireland.ie